Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11765/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0543(COD)**

| | |
|---|---|
| **RECH 331** | **CLIMA 282** |
| **COMPET 758** | **AGRI 360** |
| **IND 283** | **TRANS 313** |
| **MI 557** | **SAN 470** |
| **EDUC 329** | **BIOTECH 3** |
| **TELECOM 251** | **CADREFIN 109** |
| **ENER 379** | **CODEC 1046** |
| **ENV 721** | **IA 91** |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 543 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 543 final.

Faoi iamh: COM(2025) 543 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
COM(2025) 543 final

2025/0543 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2025) 555 final} - {SWD(2025) 555 final} - {SWD(2025) 556 final}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Cúiseanna agus cuspóirí

Bunaítear leis an togra seo an deichiú Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, Fís Eorpach, ar príomhionstraim é chun go mbainfear amach na huaillmhianta beartais a leagtar amach sa togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad bhuiséid fhadtéarmaigh eile de chuid an Aontais (2028–2034) mar aon leis na tosaíochtaí polaitiúla le haghaidh 2024–2029, mar a leagtar amach i dtreoirlínte an Uachtaráin von der Leyen – *Rogha na hEorpa*.

Ag tógáil ar cheann de na brandaí is láidre san Eoraip agus ar an gclár T&N is mó ar domhan – Fís Eorpach, leis an togra seo cuirtear taighde agus nuálaíocht i gcroílár gheilleagar agus straitéis infheistíochta an Aontais. Cuirtear simplíocht agus solúbthacht chun cinn leis, rud a chumasaíonn caiteachas níos tapúla agus níos straitéisí ón Aontas trí rialacha níos soiléire agus nósanna imeachta níos trédhearcaí le haghaidh iarratasóirí agus geallsealbhóirí.

Tá uair na cinniúna buailte leis an Aontas. Tá ár sochaí agus ár ngeilleagar á n- athmhúnlú go mór de dheasca an athraithe aeráide, cur isteach ar an teicneolaíocht, athrú na geopholaitíochta agus treochtaí déimeagrafacha. Chun leanúint de bheith iomaíoch, athléimneach agus aontaithe, ní mór don Eoraip tosaíocht a thabhairt do thaighde agus nuálaíocht. Ní féidir Eoraip atá níos inbhuanaithe, níos sláine agus níos iomaíche do chách a thógáil ach amháin trí infheistiú san eolaíocht, trínár muintir agus trínár bhfiontraithe a chumhachtú, agus trí oibriú le chéile.

Cuirtear an riachtanas sin i dtábhacht i dtuarascáil Draghi maidir lena bhfuil i ndán d’iomaíochas an Aontais, rud a chuir an nuálaíocht i gcroílár inniúlacht na hEorpa chun fás táirgiúlachta a bhaint amach arís. I dtuarascáil Letta maidir le todhchaí an mhargaidh aonair, agus sa tuarascáil ó Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht eatramhach ar Fhís Eorpach, cuireadh i dtábhacht freisin gur gá don Aontas cur le hiarrachtaí chun nuálaíocht a dhéanamh ar mhaithe lena iomaíochas, lena inbhuanaitheacht agus lena shlándáil.

Is gá don Eoraip a cuid infheistíochtaí sa nuálaíocht a mhéadú agus dul i ngleic lena cuid laigí a thosaíonn le bacainní ar an bpíblíne ó nuálaíocht go tráchtálú. Le tacaíocht ón earnáil phoiblí do T&N is gá dul i ngleic freisin leis na heasnaimh in éiceachóras T&N agus feidhmíocht nuálaíochta na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

Mar fhreagairt air sin, cuirtear i láthair leis an togra seo Fís Eorpach atá simplithe agus athdhírithe agus ag a bhfuil sé d’aidhm boinn eolaíocha agus theicneolaíocha an Aontais a neartú, borradh a chur faoi chúrsaíocht agus glacadh eolais, teicneolaíochta agus nuálaíochta, agus ionstraimí cistiúcháin an Aontais a ghiaráil le haghaidh breisluach uasta, chun éifeacht chatalaíoch a imirt ar infheistíochtaí breise poiblí agus príobháideacha sna Ballstáit.

Go sonrach, tá sé d’aidhm ag Fís Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- croíluachanna na saoirse eolaíche agus na hoscailteachta a chur chun cinn;
- bonn eolais sármhaith na hEorpa a mhéadú trí dhíriú ar bhreisluach AE;
- feabhas a chur ar ghairmeacha taighde agus na taighdeoirí is fearr san Eoraip agus níos faide i gcéin a mhealladh, i gcomhréir leis an gcur chuige ‘Roghnaigh an Eoraip’;
- infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shlógadh ar fud shlabhra iomlán T&N – ó thaighde bunúsach go tráchtálú margaidh;

- rannchuidiú lena infheistíochtaí sa nuálaíocht a mhéadú, go háirithe trí thacú leis an nuálaíocht ar fud na hEorpa agus trí chomhleanúnachas a mhéadú idir scéimeanna cistiúcháin an Aontais agus infheistíochtaí na mBallstát;
- leas a bhaint as acmhainneacht bhuiséad an Aontais chun rioscaí a laghdú agus níos mó deiseanna infheistíochta a chur ar fáil. Infheistíocht a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, lena n- áirítear an margadh aonair, an t- aistriú glan, dícharbónú, ciorclaíocht, digitiú, slándáil, athléimneacht agus comhtháthú sóisialta;
- feabhas a chur ar rochtain ar chistiú ón Aontas trí nósanna imeachta atá níos tapúla, atá úsáideoir- lárnach, atá simplithe agus comhchuibhithe chun rannpháirtíocht a leathnú agus dlús a chur le torthaí.

De réir na moltaí i dtuarascáil Draghi, beidh sé d'aidhm ag Fís Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- acmhainní a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha agus cineál an taighde ón mbun aníos á chaomhnú an tráth céanna;
- acmhainneacht comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a mhéadú a bhuí le tírdhreach simplithe;
- tacaíocht don nuálaíocht cheannródaíoch a mhéadú;
- rochtain ar an gclár a shimpliú le haghaidh tairbhithe.

Is éard atá i gceist leis an gclár Fís Eorpach:

- rialachán lena mbunaítear an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht dar teideal 'Fís Eorpach' le haghaidh na tréimhse 2028- 2034 (de réir Airteagal 182(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh – 'CFAE');
- Clár Sonrach chun 'Fís Eorpach' a chur chun feidhme (de réir Airteagal 182(3) CFAE);
- measúnú tionchair gaolmhar (don Chiste Eorpach um Iomaíochas) agus ráitis airgeadais dhlíthiúla.

Beidh Fís Eorpach nasctha go dlúth leis an rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI), chun go rathófar sreabhadh rianúil ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach go gnólachtaí nuathionscanta go gnólachtaí atá ag méadú, lena gcuimsítear an leabhar rialacha aonair a bhfuil feidhm aige maidir le Fís Eorpach freisin. Leis an gclár féadfar tacú le gníomhaíochtaí dé- úsáide.
Tá sé beartaithe Clár Sonrach maidir le taighde cosanta a bhunú leis an rialachán lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Iomaíochas le haghaidh na tréimhse 2028- 2034.
Beidh gníomh aonair lena mbunaítear Comhghnóthais ina chomhlánú ar na tograí thuas, rud a áirithíonn rialacha comhchuibhithe.
Luaitear an 1 Eanáir 2028 sa togra seo mar dháta tosaigh chur i bhfeidhm na ngníomhartha reachtacha.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá ann cheana**

Tá 'Fís Eorpach' comhsheasmhach le forálacha beartais an Aontais Eorpaigh atá ann cheana agus tá sé i gcomhréir le **buiséad atá níos simplí, níos dírithe agus ag a bhfuil tionchar níos mó**.
Tá an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht i gcomhréir leis an **gCompás Iomaíochais Eorpach** a ghlac an Coimisiún i mí Eanáir 2025, lena soláthraítear treochlár

chun borradh a chur faoin iomaíochas trí bhearta suaitheanta faoi thrí riachtanas chlaochlaitheacha: a infheistíochtaí sa nuálaíocht a mhéadú; treochlár comhpháirteach don dícharbónú agus don iomaíochas, agus spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú.

In éineacht leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, oibríonn 'Fís Eorpach' chun iomaíochas, athléimneacht, inbhuanaitheacht, ceannaireacht theicneolaíoch agus comhtháthú sóisialta a neartú. A bhuí leo cuirtear **simpliú mór** ar fáil ó thaobh an lín clár ag a bhfuil cuspóirí forluiteacha agus ó thaobh cur chun feidhme a shimpliú chomh maith leis sin: níos lú rómhaorlathais agus tuairiscithe, níos mó muiníne, forfheidhmiú níos fearr agus ceadú níos tapúla. An tráth céanna, le hollstruchtúr beartaithe an chláir áireofar intuarthacht agus leanúnachas i dtosaíochtaí cistiúcháin leis an **lúfaireacht** agus an **tsolúbthacht** is gá chun go mbeidh an tAontas in ann freagairt do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn nó gan choinne.

Fágann an príomhról atá ag taighde agus nuálaíocht maidir le hiomaíochas a fheabhsú go bhfuil tacaíocht phoiblí le haghaidh T&N níos fíor- riachtanaí ná riamh, go háirithe ar leibhéal an Aontais mar nach bhfuil aon amhras faoina bhreisluach. Tá comhar ar fud an Aontais ríthábhachtach chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, go háirithe dúshláin shochaíocha agus chomhshaoil. Tá an togra go hiomlán i gcomhréir le clár oibre an Choimisiúin maidir le T&N, agus soláthraítear leis dreasachtaí do na Ballstáit, don earnáil neamhbhrabúsach agus don earnáil phríobháideach chun infheistíochtaí a mhéadú agus cur le **hiarrachtaí chun go mbainfear amach an sprioc a bhaineann le 3 % de OTI an Aontais a infheistiú** i dtaighde agus forbairt.

Beidh an clár ina thaca le cuspóirí beartais an Aontais a chur chun feidhme, amhail an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, an Plean Gníomhaíochta um Mór Roinn na hIntleachta Saorga, an Plean Gníomhaíochta um Fhuinneamh Inacmhainne, an Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach, Straitéis an Aontais um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, an Straitéis um Eolaíochtaí Beatha chomh maith le tionscnaimh ábhartha eile 'Roghnaigh an Eoraip'.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra go hiomlán i gcomhréir le beartais an Aontais. I gcomhréir le tosaíochtaí an Choimisiúin, cuirtear **taighde agus nuálaíocht i gcroílár an gheilleagair** leis sin. **Bunaítear acmhainneacht infheistíochta** leis chun borradh a chur faoi smaointe nua agus iad a chothú i dtreo nuálaíochtaí nua lena bhfreastalaítear ar mhuintir na hEorpa agus ar dhaoine níos faide i gcéin.

Tá T&N ríthábhachtach chun tosaíochtaí an Aontais a bhaint amach go rathúil i réimsí amhail an tsláinte, teicneolaíochtaí digiteacha, claochlú tionsclaíoch glan, an geilleagar ciorclach, sochaithe ionchuimsitheacha agus daonlathacha, an bhithéagsúlacht agus acmhainní nádúrtha, fuinneamh, soghluaisteacht, an comhshaol, bia, dícharbónú, ullmhacht, spás agus slándáil. Tá T&N i gcroílár táirgiúlacht agus iomaíochas gheilleagar an Aontais a fheabhsú.

Beidh infheistíocht T&N comhlántach agus nasctha **go dlúth leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas,** agus i sineirge le cláir agus ionstraimí eile de chuid an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI). Déanfar comhlántacht agus sineirge na tacaíochta agus an tsaothraithe T&N ar fud bhuiséad fadtéarmach an Aontais agus leis na Ballstáit a uasmhéadú tríd an **Uirlis um Chomhordú Iomaíochais (CCT)** lena ndéanfar beartais agus infheistíochtaí tionsclaíocha agus taighde a ailíniú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta maidir le tionscadail ar mhaithe le leas na hEorpa i gcoitinne nó breisluach AE.

Bunaithe ar threoshuíomh an tsásra stiúrtha le haghaidh an chéad CAI eile, lena n- áirítear an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais, an clár Fís Eorpach agus an Ciste Eorpach um Iomaíochas, d'fhéadfaí seicheamh comhleanúnach a mhaoiniú idir taighde agus nuálaíocht, taisealbhadh, forbairt agus cur in úsáid, agus iarrachtaí agus cistiú á gcomhchruinniú, ó

earnáil an Aontais agus ón earnáil náisiúnta, phoiblí agus phríobháideach maidir le tionscadail 'ardaidhme' ag a bhfuil comhpháirt láidir eolaíoch, rud a chuireann borradh faoi chruthú luacha eacnamaíoch uile- Aontais agus uathriail straitéiseach (féach samplaí thíos).
'Tionscadail ardaidhme' fhéideartha:

- Infheistiú in Imbhuailteoir Ciorclach na Todhchaí de chuid na hEagraíochta Eorpaí um Thaighde Núicléach (CERN), in éineacht le tíortha rannpháirteacha CERN eile. Is é an cuspóir atá ann ceannaireacht na hEorpa a choinneáil ar bun i dtaighde ar fhisic cáithníní. D'fhéadfadh an cistiú (suas le 20 % den chostas foriomlán) teacht ó Fhís Eorpach.
- Eitlíocht Chliste agus Ghlan agus ceannaireacht Eorpach a fhorbairt in aerárthaí atá saor ó $CO_2$ den chéad ghlúin eile agus i mbainistiú aerthráchta uathoibrithe: Cheanglófaí comhpháirtíocht leis an tionscal, mar aon le hacmhainneacht eolaíochta agus innealtóireachta láidir, le tacaíocht ó Fhís Eorpach, ach bheadh gá freisin le comhpháirt cur in úsáid thionsclaíoch láidir ón gCiste um Iomaíochas.
- An ríomhaire candamach a thógáil don todhchaí: a áirithiú go mbeidh an Eoraip ar an gcéad mhór- roinn ag a bhfuil an ríomhaireacht chandamach comhtháite go hiomlán sa saol laethúil, agus feidhmchláir ann ó leigheas pearsantaithe go samhaltú aeráide, agus fadhbanna nach raibh inréitithe roimhe sin á réiteach do 450 milliún saoránach.
- An chéad ghlúin eile de IS ar domhan a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Maidir lena fhorbairt, is eolaithe agus lucht tionscail Eorpach a fhorbróidh é, forbrófar é i dteannta na ndaoine sin agus lena n- aghaidh, agus na daoine is géarchúisí ar domhan á mealladh chun na hEorpa (agus á gcoimeád inti). Leis an gcéad ghlúin eile de IS, chuirfí deiseanna eolaíocha agus eacnamaíocha ar fáil i bhfad níos faide ná an rabharta IS atá ann faoi láthair, rud a chuireann an Eoraip ar thús cadhnaíochta.
- Ceannasacht sonraí taighde chriticiúil a bhaint amach san Eoraip: a áirithiú go mbeidh an Eoraip ar an mbaile is iontaofa ar domhan le haghaidh sonraí criticiúla le haghaidh taighde, agus buntáiste iomaíoch nach bhfacthas a leithéid riamh á thabhairt do thaighdeoirí, ollscoileanna agus cuideachtaí Eorpacha agus iad ag dul i ngleic le dúshláin phráinneacha dhomhanda, idir an t- athrú aeráide agus paindéimí.
- Iompar agus soghluaisteacht uathoibrithe a fhorbairt san Eoraip: rud a chuirfidh feabhas ar shábháilteacht iompair, éifeachtúlacht an tsrutha tráchta, a laghdóidh astaíochtaí, agus a fhágfaidh go mbeidh iompar níos ionchuimsithí ann.
- Infheistiú i dteiripí nuálacha le haghaidh athghiniúint an duine ar mhaithe le saol níos sláintiúla agus geilleagar níos láidre: leas a bhaint as sármhaitheas agus saineolas taighde na hEorpa maidir le teiripí athghiniúnacha agus tionscal sláinte na hEorpa a neartú go substaintiúil, rud a chuireann ar a cumas teiripí nuálacha a sholáthar. Leis na teiripí sin d'fhéadfaí dul i ngleic le galair nach bhfuil aon leigheas orthu faoi láthair.
- An t- aistriú glas a chumhachtú le fuinneamh comhleá: an chéad ghléasra cumhachta comhleá núicléach tráchtála, atá in ann leictreachas sábháilte, comhsheasmhach agus iontaofa a ghiniúint chun cumhacht a thabhairt do thithe, do ghnólachtaí agus do thionscail dianfhuinnimh ar deacair iad a mhaolú. Na dúshláin eolaíochta, innealtóireachta agus teicneolaíochta is gá a shárú ionas gurb í "an Eoraip is túisce a chuirfidh Comhleá ar an eangach faoi 2034".
- An Ghealach a dhéanamh inrochtana do na hEorpaigh: chun ceannaireacht a bhaint amach sa gheilleagar spáis, is gá don Eoraip an chéad ghlúin eile d'iompar agus

lóistíocht spáis a fhorbairt lenar féidir pálastaí lastais ollmhóra a chur in úsáid agus a chur ar ais chomh maith le róbataic spáis ardfhorbartha chun taiscéalaíocht agus úsáid acmhainní spáis a chumasú faoi 2040.

- I dtreo truailliú nialasach uisce san Aontas: le hathléimneacht uisce, éilítear fíorgheilleagar atá cliste ó thaobh uisce a thógáil lena ndaingneofar uisce agus sláintíocht atá leordhóthanach, glan agus inacmhainne do chách i gcónaí, lena n- áirítear i ngéarchéimeanna agus i ndálaí aeráide foircní. Chuige sin, ceanglaítear nuálaíocht cheannródaíoch a spreagadh chomh maith le glacadh sa mhargadh agus glacadh a bheith á dhéanamh ag úsáideoirí deiridh ar mhórscála i leith e.g. ardteicneolaíochtaí cóireála uisce chun truailleáin dhíobhálacha a bhaint, éifeachtúlacht uisce, teicneolaíochtaí lena gcumasaítear athúsáid nó ionadú inbhuanaithe uisce, chomh maith le réitigh dhúlrabhunaithe agus teicneolaíochtaí díshalannaithe, chun uisce leordhóthanach agus glan a áirithiú le haghaidh úsáid thionsclaíoch agus tí, chun dea-cháilíocht uisce agus infhaighteacht uisce d'éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, agus chun iomaíochas thionscail an Aontais a fheabhsú.
- Caibidil nua a thógáil maidir le spás inmheánach ár bpláinéid a aimsiú agus a thaiscéaladh tríd an gcéad ghlúin eile de theicneolaíochtaí agus acmhainneachtaí um fhaire na n- aigéan Eorpach a fhorbairt, a nascadh, a rialú agus a dhaingniú: ó mhodhanna spásiompartha agus aeriompartha, go snámháin, soithí agus ladrainn agus feithiclí faoi uisce. Tá gá ag an Eoraip le huathriail straitéiseach sa bhonneagar, sna sonraí agus sna seirbhísí faisnéise uile um fhaire na n- aigéan chun a ceannaireacht i mbeartais na nAigéan a neartú: ó shláinte na n- aigéan a chosaint agus a athbhunú agus borradh a chur faoi iomaíochas agus inbhuanaitheacht a geilleagair ghoirm go slándáil agus cosaint mhuirí a fheabhsú agus taidhleoireacht aigéin an Aontais a neartú.

I gcomhar leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, bainfear úsáid as gníomhaíochtaí an Chláir chun dul i ngleic le clistí margaidh nó cásanna infheistíochta fo-optamacha, ar bhealach comhréireach, gan maoiniú príobháideach a dhúbláil ná a phlódú agus beidh breisluach Eorpach soiléir acu. Beidh sé d'aidhm aige sin comhsheasmhacht a áirithiú idir gníomhaíochtaí an chláir agus rialacha an Aontais maidir leis an státchabhair, agus saobhadh iomaíochta míchuí sa mhargadh inmheánach á sheachaint.

Tá an togra i gcomhréir go hiomlán freisin leis an gcur chuige a glacadh faoi phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch mar thaca le hathchóirithe struchtúracha chun feabhas a chur ar cháilíocht agus éifeachtúlacht córas náisiúnta taighde agus nuálaíochta ar thrí leibhéal: ar an gcéad dul síos, trí infheistiú go substaintiúil i dtaighde agus nuálaíocht eolaíoch agus theicneolaíoch; ar an dara dul síos, trína áirithiú go mbeidh timpeallacht an ghnó níos fabhraí don nuálaíocht agus go mbeidh níos lú col riosca ann; agus ar an tríú dul síos, trína áirithiú go dtabharfar tacaíocht do na saoránaigh Eorpacha trí aistriú a bheidh tapa agus, i gcás daoine áirithe, suaite agus é á thiomáint leis an nuálaíocht, leis an digitiú agus le meigithreochtaí domhanda amhail intleacht shaorga agus an geilleagar ciorclach.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá 'Fís Eorpach' bunaithe ar na Teidil 'Tionscal' agus 'Taighde agus forbairt theicneolaíoch agus an spás' in CFAE (Airteagail 173(3), 182(1), 183 agus 188, an dara fomhír) chomh maith le hAirteagal 322(1), pointe (a).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá inniúlacht chomhroinnte (chomhthreomhar) ag an Aontas sa réimse seo bunaithe ar Airteagal 4(3) CFAE. Ar an gcéad dul síos, tríd an gcomhar agus tríd an gcomhtháthú a fheabhsú ar fud na ngeallsealbhóirí agus thar theorainneacha, le cistiú ón Aontas cuirtear deireadh le bacainní náisiúnta agus cruthaítear mais chriticiúil chun dul i ngleic le dúshláin chomhroinnte. Ar an dara dul síos, trí dhul i ngleic le clistí margaidh agus dálaí infheistíochta fo- optamacha, agus tionchar eacnamaíoch a ghiniúint, feabhsaíonn an tAontas athléimneacht eacnamaíoch, déanann sé cistí príobháideacha a ghiaráil, meallann sé caipiteal, cuireann sé borradh faoin táirgiúlacht ar fud an Aontais, agus tacaíonn sé le tionscadail a théann chun tairbhe don gheilleagar agus a bhféadfadh sé nach n- éireodh leo murach sin. Tacaíonn sé le hiomaíocht ar fud an Aontais, rud a fhágann gur féidir na smaointe eolaíocha agus nuálacha is fearr a roghnú ó gach cearn den Aontas. Ar an tríú dul síos, trí threoíocht infheistíochta agus comhthiomsú acmhainní a neartú, is fearr is féidir leis an Aontas dul i ngleic le dúshláin uile- Aontais agus tosaíochtaí comhroinnte amhail an t- aistriú digiteach agus an t- aistriú glas a chur chun cinn.

Tá an cur chuige sin ar leibhéal an Aontais ina thaca le nuálaíochtaí ceannródaíocha agus spriocanna straitéiseacha, rud a sháraíonn teorainneacha comhordúcháin i measc na mBallstát. Mar shampla, meastar in ionsamhlúcháin *ex post* go gcuirfí moill ar feadh roinnt míonna ar nuálaíochtaí fíor- riachtanacha, amhail vacsaíní ARN teachtaire COVID- 19, gan cistiú ón Aontas le haghaidh taighde agus bonneagar i gcaitheamh deacáidí, rud a chuirfeadh bac ar scaoileadh tapa criticiúil an mhargaidh agus tairbhí sochaíocha ina dhiaidh sin.

- **Comhréireacht**

Le gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais, beifear in ann leas a bhaint as an gcomhar trasnáisiúnta agus an iomaíocht ar fud an domhain chun a áirithiú go roghnófar na tograí is fearr. Leis sin ardaítear leibhéil barr feabhais agus soláthraítear léargas ar T&N ceannródaíoch, ach tacaítear freisin le soghluaisteacht thrasnáisiúnta agus mealltar na daoine is cumasaí ar fud an domhain. Is fearr is féidir tabhairt faoi T&N ardriosca agus fadtéarmach trí chlár ar leibhéal an Aontais, rud a chomhroinneann an riosca agus a chruthaíonn raon feidhme leathan agus barainneachtaí scála nach bhféadfaí a bhaint amach murach sin. Déanfar idirnaisc le tionscnaimh náisiúnta a lorg, go háirithe i réimse na nuálaíochta.

Leis sin is féidir infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha breise in T&N a ghiaráil; rannchuidiú leis an tírdhreach T&N Eorpach a neartú a thuilleadh; agus tráchtálú agus scaipeadh nuálaíochta a luathú. Is féidir le cláir ar leibhéal an Aontais a bheith ina dtaca freisin le ceapadh beartais agus cuspóirí beartais.

Ní théann na gníomhaíochtaí atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach le haghaidh chuspóirí an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Le taighde agus nuálaíocht, de bharr a gcineáil fhadtéarmaigh agus ón mbun aníos, ceanglaítear clár as féin atá neamhspleách, comhtháite agus intuartha lena n- áirithítear na dálaí cearta chun smaointe nua a spreagadh agus a thabhairt chuig an margadh. Chun réitigh shuaiteacha a chumasú, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfar taighde agus nuálaíocht neamhspleách agus go mbeidh leanúnachas sa chistiú. Dá bhrí sin, cé go bhfuil dlúthbhaint aige leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas, choinnigh ‘Fís Eorpach’ a bhunús dlí neamhspleách ar bun, rud a cheanglaítear faoi Airteagal 182 CFAE, agus a bhranda agus a

cháil idirnáisiúnta dhearfach, ag tógáil ar a rath cruthaithe fadtéarmach mar chreat iontaofa le haghaidh barr feabhais, comhair agus tionchair.

Leis an ngníomh dlí, cruthaítear cearta do thairbhithe agus oibleagáidí orthu, agus iad ina gceangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát den Aontas agus i ngach tír atá comhlachaithe leis an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ SIARGHABHÁLACHA, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí siarghabhálacha/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá meastóireachtaí cúlghabhálacha agus seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana fíor- riachtanach chun a áirithiú gurb amhlaidh leis an gcéad chlár réime T&N eile a thógtar ar an méid a oibríonn agus a chuirtear feabhas ar an méid nach n- oibríonn. Trí mheasúnú a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas na mbeart a rinneadh roimhe seo, soláthraítear leis na hathbhreithnithe sin fianaise chriticiúil chun dearadh beartais níos fearr a mhúnlú, ualaí rialála nach bhfuil gá leo a laghdú, agus ionstraimí cistiúcháin a ailíniú le riachtanais eolaíocha, theicneolaíocha agus shochaíocha athraitheacha. Leis sin cuirtear le héiceachóras taighde agus nuálaíochta atá níos freagrúla, ag a bhfuil tionchar níos mó agus atá níos réidhe don todhchaí.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Faoi chuimsiú ullmhú don chéad CAI eile a thosóidh in 2028, rinne an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí chun tuairimí a bhailiú maidir le cistiú ón Aontas le haghaidh an iomaíochais.

Sa chomhairliúchán poiblí, a reáchtáladh ón 12 Feabhra go dtí an 7 Bealtaine 2025, bailíodh 2 034 fhreagra suirbhé agus 462 pháipéar seasaimh, agus rannpháirtíocht láidir ann ó shaoránaigh an Aontais (26 %), ón saol acadúil (22 %), agus ó údaráis phoiblí (13 %), in éineacht le gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus líonraí geallsealbhóirí eile.

Chuir formhór na bhfreagróirí a raibh taithí acu ar Fhís Eorpach tuairimí dearfacha in iúl maidir leis an bpróiseas cistiúcháin, ó dheiseanna cistiúcháin a shainaithint, go hábharthacht agus soiléireacht na nglaonna. Mar sin féin, chuir siad i dtábhacht an nós imeachta um iarratais agus an amlíne fhoriomlán mar phríomhphointí laga, agus béim á cur acu ar an ngá atá le simpliú, soiléireacht agus comhleanúnachas níos fearr chun inrochtaineacht a fheabhsú, go háirithe le haghaidh FBManna agus nuatheachtaithe. D’aithin freagróirí go raibh ilroinnt sa tacaíocht ar feadh an turais infheistíochta ina bacainn ar an iomaíochas, go háirithe i ndáil le tearcinfheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht.

Comhlánaíodh an comhairliúchán poiblí le for- rochtain spriocdhírithe ar phríomhghrúpaí geallsealbhóirí sa tionscal agus i dtaighde agus nuálaíocht araon. Bhí geallsealbhóirí taighde agus nuálaíochta rannpháirteach go gníomhach i múnlú na díospóireachta maidir leis an ról a bheidh ag T&N amach anseo in iomaíochas an Aontais, go háirithe tar éis sheoladh threoirlínte polaitiúla an Choimisiúin i mí Iúil 2024 agus an Chompáis Iomaíochais i mí Feabhra 2025.

- **Saineolas seachtrach**

Leis an tionscnamh seo cuirtear le trí phríomhthuarascáil sheachtracha: Mario Draghi maidir le hiomaíochas an Aontais, Enrico Letta maidir le todhchaí an mhargaidh aonair, agus Sainghrúpa an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht eatramhach ar Fhís Eorpach.
Tagann na trí thuarascáil uile le chéile ina bpríomhtheachtaireacht: **Ní mór don Eoraip a bheith nuálach, oiriúnú agus a bheith chun tosaigh** chun a cuid iomaíochais, rathúnais, inbhuanaitheachta agus slándála a chosaint. Lena n- anailís chomhcheangailte soláthraítear bonn láidir anailíseach agus pholaitiúil don Chlár Réime T&N atá beartaithe agus don treoshuíomh straitéiseach níos leithne de chuid an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas.

- **Measúnú tionchair**

Tacaítear leis an togra seo le measúnú tionchair cuimsitheach ar an gCiste Eorpach um Iomaíochas, lena n- áirítear 14 chlár lena rannchuidítear le hIomaíochas an Aontais.
Faoi Threoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin, beartaítear go mbeadh an chéad CAI eile níos dírithe, níos simplí agus go mbeadh tionchar níos mó aige. Dá bhrí sin, beidh ollstruchtúr an CAI nua an- éagsúil leis an struchtúr atá ann faoi láthair. I bhfianaise an cháis speisialta sin maidir le CAI nua a ullmhú, bhí roinnt príomhghnéithe in easnamh sa mheasúnú tionchair. Dá bhrí sin, chinn an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála, go heisceachtúil, Tuairim a eisiúint gan cháilíocht.
Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála dá aire go raibh easnaimh shuntasacha sa tuarascáil amhail maidir leis an raon feidhme, le rialachas, le comhleanúnachas le cuid eile de CAI, i measc nithe eile. Chuathas i ngleic leis na heasnaimh sin sna tograí reachtacha maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas agus le Fís Eorpach araon.
I gcomhréir leis an ngá atá le 'simplíocht agus solúbthacht, luas agus fócas straitéiseach' a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla, rinneadh measúnú sa mheasúnú tionchair ar thrí rogha lena ndéantar difear d'ollstruchtúr an chistithe ón Aontas, idir leanúint na 14 chlár a bhaineann leis an iomaíochas, agus comhdhlúthú na gclár sin i gCiste um Iomaíochas:

A. Gnó mar is gnách plus: comhordú éadrom.

B. Comhordú feabhsaithe idir na cláir atá ann cheana (leabhar rialacha aonair).

C. Cláir a chomhdhlúthú i gCiste Eorpach nua um Iomaíochas in aon ghníomh amháin nó in dhá ghníomh aonair.

Measadh go raibh comhdhlúthú na gclár in dhá ghníomh aonair, mar a fhoráiltear i Rogha C, ar an rogha beartais ab fhearr lena gcoimeádfaí an branda 'Fís Eorpach' le linn rannchuidiú go hiomlán le cuspóirí an Chiste um Iomaíochas an tráth céanna a bhuí leis an gcomhtháthú ó thaobh cuspóirí, struchtúr, rialachas agus rialacha an dá ghníomh. An tráth céanna, freastalaíonn sin ar chlár réime T&N neamhspleách chun sláine taighde agus nuálaíochta agus ceanglais Airteagal 182 CFAE a chosaint. Bhí Parlaimint na hEorpa, na Ballstáit agus tríú tíortha atá comhlachaithe le Fís Eorpach inniu den tuairim chéanna.

- **Simpliú**

Is **tosaíocht uileghabhálach** de chuid an Choimisiúin é simpliú agus é d'aidhm aige ualach agus róchastacht a laghdú agus a bheith i bhfabhar luais agus solúbthachta.
Ós rud é go bhfuil an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht ar an gclár is mó de chuid an Aontais a chuirtear chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach, is léir gur sprioc le haghaidh simpliú é. Bainfear amach simpliú le haghaidh tairbhithe, *inter alia*, tríd an méid seo a leanas:

- **Fad laghdaithe an chláir oibre agus clársceidealú nach bhfuil chomh saintreorach sin ann:** an líon foriomlán topaicí a laghdú, tuairiscí ar thopaicí a ghiorrú agus topaicí tionscadail aonair a íoslaghdú.
- **Topaicí oscailte mar réamhshocrú:** gan bheith chomh saintreorach sin agus níos mó saoirse ag iarratasóirí le haghaidh conairí éagsúla i dtreo torthaí lena bhfuil coinne.
- **Leanúnachas agus simpliú breise ar an tírdhreach cistiúcháin:** Ní dhéanfar aon idirdhealú idir Gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta (RIAnna) agus Gníomhaíochtaí Nuálaíochta (IAnna) ach beidh ráta cistiúcháin aonair amháin ann suas le 100 %, seachas i gcás eintitis bhrabúis nach FBManna iad ag a mbeidh ráta cistiúcháin suas le 70 %. Beidh na rátaí cistiúcháin cothrom leis an uasmhéid is féidir a laghdú nuair atá bonn cirt leis chun gníomhaíochtaí sonracha a chur chun feidhme.
- **Úsáid mhéadaithe na roghanna costas simplithe:** Ag tógáil ar an taithí a fuarthas ar threoirthionscadail chnapshuime faoi Fhís 2020 agus ar a gcur i bhfeidhm níos leithne i bhFís Eorpach, beidh cistiú cnapshuime ina fhoirm réamhshocraithe de ranníocaíocht an Aontais, mura bhforáiltear a mhalairt. Úsáidfear foirmeacha simplithe eile de chostais, lena n- áirítear costais aonaid an phearsanra. Tá sé d’aidhm ag na bearta simpliúcháin sin rannpháirtíocht níos leithne a chothú, go háirithe ó nuatheachtaithe agus eintitis níos lú, agus bainistíocht agus rialú fónta airgeadais á gcaomhnú an tráth céanna.

In éineacht leis an iarracht simpliúcháin nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, áiritheofar go gcuirfear Fís Eorpach **chun feidhme ar bhealach níos tapúla** agus an t- aga uasta go síniú comhaontaithe deontais á laghdú chuig 7 mí, aga atá ar cheann de na hagaí is tapúla go síniú comhaontaithe deontais faoi chláir an Aontais agus atá dhá mhí níos tapúla ná an t- aga uasta go síniú comhaontaithe deontais a leagtar amach sa Rialachán Airgeadais.
Beidh ríthábhacht le gealltanas Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle araon prionsabal an tsimplithe sa ghnáthnós imeachta reachtach a chomhlíonadh.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gcoinbhinsiúin idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine a bhfuil na Ballstáit agus an tAontas ina bpáirtithe iontu.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Cuirtear buiséad na dtograí uile i láthair sna praghsanna atá ann faoi láthair. Féadfaidh an Coimisiún leanúint, ar bhonn measúnú costais agus tairbhe, de ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin a úsáid chun Fís Eorpach a chur chun feidhme.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar faireachán ar an tionscnamh seo tríd an gcreat feidhmíochta le haghaidh an bhuiséid tar éis 2027, rud a chumhdaítear i dtogra ar leithligh. Déantar foráil sa chreat feidhmíochta maidir le tuarascáil chur chun feidhme le linn chéim chur chun feidhme an chláir, chomh maith le meastóireacht chúlghabhálach atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus beidh sí bunaithe ar tháscairí atá ábhartha maidir le cuspóirí an chláir.

- **Saincheisteanna cothrománacha eile a bhaineann leis an togra**

**Prionsabail an Chláir:** áiritheofar leis an gClár go gcuirfear luachanna agus prionsabail an Limistéir Eorpaigh Taighde agus an Chomhshocraithe um Thaighde agus um Nuálaíocht chun cinn go héifeachtach, go háirithe eitic agus sláine i dtaighde agus nuálaíocht, saoirse taighde eolaíoch, comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna, eolaíocht oscailte agus gairmeacha taighde tarraingteacha agus soghluaisteacht a chur chun cinn.
Déanfar **comhar idirnáisiúnta** a threisiú a thuilleadh leis an gcuspóir a bhaineann le rannchuidiú le hiomaíochas agus barr feabhais an Aontais in T&N agus beidh cothromaíocht ann idir an riosca agus an tairbhe a bhaineann le dul i gcomhar le tríú tíortha agus eintitis tríú tíortha.
**Luachshocrú agus scaipeadh:** D'fhonn iomaíochas an Aontais a fheabhsú agus i gcomhréir le straitéis luachshocraithe an Choimisiúin, cuirfear ionstraimí agus uirlisí tacaíochta tiomnaithe i bhfeidhm chun an próiseas luachshocraithe a éascú agus a luathú agus a áirithiú go n- eascróidh feidhmeanna ón bhfíorshaol as torthaí taighde. Leis sin, déantar infheistíocht phoiblí in T&N a chlaochlú ina deiseanna margaidh nua agus ina luach inláimhsithe don tsochaí agus don tionscal.
**An stiúradh straitéiseach a ailíniú** leis an gCiste um Iomaíochas agus leis an Uirlis um Chomhordú Iomaíochais.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le Fís Eorpach cuirtear le hoidhreacht infheistíochtaí an Aontais i dtaighde agus nuálaíocht le breis agus 40 bliain anuas. Dearadh é chun an eolaíocht a chur chun cinn, bunluachanna an neamhspleáchais agus na hoscailteachta a chosaint agus feabhas a chur ar bhonn eolais sármhaith na hEorpa agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais. Tá a ailtireacht deartha ar mhaithe le comhleanúnachas agus feidhmíocht fheabhsaithe.
Tá sé beartaithe struchtúr ceithre cholún a úsáid.

- Tá sé d'aidhm ag **Colún I, 'Eolaíocht den Scoth',** bonn eolaíoch an Aontais a neartú, na daoine is éirimiúla a mhealladh, taighde den scoth a chur chun cinn san Eoraip agus an eolaíocht is fearr a sholáthar do bheartais an Aontais. Tá barr feabhais taighde agus soghluaisteacht i gcroílár uaillmhian na hEorpa a bhaineann le bheith ar an áit is fearr ar domhan chun taighde a dhéanamh: "Roghnaigh an Eoraip". I bhfianaise an mhéid sin, áirítear an méid seo a leanas sa cholún sin:
  - An Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC): Leathnófar ERC chun a chumas a mhéadú chun tacú le taighde ar thús cadhnaíochta, agus béim á cur ar thaighdeoirí den scoth agus ar a bhfoirne a chistiú.

– Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska- Curie (GMSC): Le GMSC leanfar de thacaíocht a thabhairt d'oiliúint taighde agus forbairt gairme.

– An eolaíocht le haghaidh bheartais an Aontais: gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhphháirtigh Taighde.

- Is é is aidhm do **Cholún II, 'An tIomaíochas agus an tSochaí'**, tacú le taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch i réimsí a bhfuil tionchar mór acu ar an tsochaí, agus béim á cur ar dhul i ngleic le dúshláin shochaíocha dhomhanda agus borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais. Beidh an colún seo cosúil le struchtúr na réimsí idirghabhálacha sa Chiste Eorpach um Iomaíochas agus ina cheithre ghné beartais. Áiritheofar leis sin tacaíocht chomhleanúnach ar feadh an turais infheistíochta. Ina theannta sin, le hionú beartais a bhaineann go sonrach le Fís Eorpach nua, tabharfar aghaidh ar thaighde ón mbun aníos, go háirithe i réimsí dúshlán sochaíoch domhanda amhail an imirce, an bhréagaisnéis, agus cosaint, neartú agus cur chun cinn an daonlathais, chomh maith le claochluithe sóisialta agus eacnamaíocha, sochaithe ionchuimsitheacha agus comhtháthú sóisialta. Déanfar eolas don chlársceidealú straitéiseach le haghaidh taighde comhoibríoch le hacmhainneacht measúnaithe inmheánaigh, 'Faireachlann na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn', dá dtagraítear i Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Ciste Eorpach um Iomaíochas][1]. Leanfaidh comhpháirtíochtaí de bheith ina bpríomhionstraim den chlár agus oibreoidh siad go sineirgisteach leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas faoi na próisis stiúrtha ábhartha. Moltar iad a shimpliú agus a chuíchóiriú ó bhonn ina n- oibríochtaí agus ina n- eagrúchán.Is féidir le comhpháirtíochtaí a bheith i bhfoirmeacha éagsúla: poiblí poiblí príobháideach go poiblí poiblí nó poiblí príobháideach.

- Tá sé d'aidhm ag **Colún III, 'Nuálaíocht',** tacú le nuálaíocht san Eoraip, agus béim á cur ar fhorbairt táirgí, seirbhísí agus samhlacha gnó nua a chur chun cinn. Áirítear an méid seo a leanas sa cholún seo:

  – An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE): Tacóidh CNE le gnólachtaí nuathionscanta nuálacha, le FBManna, agus béim á cur ar nuálaíocht shuaiteach agus fiontraíocht a chur chun cinn.  Leathnófar é leis an méid seo a leanas:

    - Níos mó eilimintí 'ARPA' ina chuid oibríochtaí, i gcás ina dtacaítear le tionscadail ardriosca i gcéimeanna, nó ina scoirtear díobh, bunaithe ar a n- acmhainneacht réitigh shuaiteacha a sholáthar arna measúnú ag Bainisteoirí Cláir saineolaithe. Déanfaidh sé tuilleadh forbartha ar chonairí ó ERC nó tionscadail taighde chomhoibríocha isteach in CNE chun teicneolaíochtaí ceannródaíocha a thráchtálú ar bhealach níos tapúla agus a uas-  scálú.

    - Cur chuige 'DARPA' atá dírithe ar thacú le gnólachtaí nuathionscanta cosanta agus dé- úsáide agus lena n- uas- scálú ag feidhmiú i gcomhlántacht iomlán le hIonstraim InvestEU faoi CEI agus le gníomhaíochtaí Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS) agus CASSINI (an Tionscnamh fiontraíochta spáis).

    - Leis sin soláthrófar deis nach bhfacthas a leithéid riamh cheana chun tacú le gnólachtaí dé- úsáide agus cosanta ardteicneolaíochta atá nuathionscanta agus ag méadú, lena n- áirítear iad sin a mheastar a

1 IO C , , lch.

bheith straitéiseach agus criticiúil do leasanna an Aontais agus a Bhallstát, lena gceanglaítear tacaíocht dhíreach spriocdhírithe agus nach bhfuil in ann rochtain a fháil ar chaipiteal leordhóthanach ón margadh.

- Comhordú agus sineirge dhlúth le gnéithe beartais an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas maidir leis an sainmhíniú ar 'Dúshláin'.
- Maidir leis an maoiniú um uas- scálú domhainteicneolaíochta atá ann cheana faoin gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú a fógraíodh sa Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, déanfar sin faoi na téarmaí a comhaontaíodh sa CAI reatha. Is faoi CEI a dhéanfar an maoiniú uas-scálaithe uile amach anseo.

– Éiceachórais Nuálaíochta, lena n- áirítear Gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais a chothú – ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó – ar fud an Aontais.

Déanfar foráil maidir le dlúthchomhar idir taighde comhoibríoch faoi Cholún II agus an tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta agus do ghnólachtaí atá ag méadú faoi Cholún III chun taobh an éilimh a neartú le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú trína nascadh leis na corparáidí móra san Eoraip agus trí bhearta nuálacha soláthair phoiblí a éascú ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta.

- Tá sé d'aidhm ag **Colún IV, 'an Limistéar Eorpach Taighde',** tacú le Limistéar Eorpach Taighde (LET) aontaithe a fhorbairt, agus béim á cur ar bharr feabhais, cuimsitheacht agus tionchar a chur chun cinn. Áirítear an méid seo a leanas sa cholún seo:

  – Beartas LET: Beidh an chomhpháirt seo ina taca le beartas LET a fhorbairt, agus béim á cur ar bharr feabhais, cuimsitheacht agus tionchar a chur chun cinn.

  – Bonneagair Thaighde agus Theicneolaíochta; Beidh an chomhpháirt seo ina taca le bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a fhorbairt agus a oibriú, lena n- áirítear le haghaidh na tacaíochta céaduaire le haghaidh caiteachas caipitiúil.

  – Rannpháirtíocht a Mhéadú agus Barr Feabhais a Scaipeadh: Beidh an chomhpháirt seo ina taca le hacmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta a fhorbairt i ngach réigiún den Eoraip.

2025/0543 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Fís Eorpach, an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, le haghaidh na tréimhse 2028-2034 lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2021/695**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 173(3), 182(1), 183, 188, an dara fomhír agus Airteagal 322(1), pointe (a), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[3],

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí (1),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is cuspóir de chuid an Aontais é a bhoinn eolaíocha agus theicneolaíocha a neartú tríd an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a neartú ina ngluaiseann taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht faoi shaoirse agus é a spreagadh chun bheith níos iomaíche, lena n- áirítear ina thionscal, agus na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) uile á gcur chun cinn an tráth céanna chun tosaíochtaí agus gealltanais straitéiseacha an Aontais a bhaint amach, tosaíochtaí agus gealltanais a bhfuil sé d’aidhm acu ar deireadh an tsíocháin, luachanna an Aontais agus folláine a mhuintire a chur chun cinn.

(2) Chun tionchar eolaíoch, teicneolaíoch, eacnamaíoch, comhshaoil agus sochaíoch a imirt agus chun breisluach infheistíochtaí T&N ón Aontas a uasmhéadú, ba cheart don Aontas infheistiú i dtaighde agus nuálaíocht trí Fhís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028- 2034 (an ‘Clár’), lenar cheart iomaíochas, athléimneacht, inbhuanaitheacht, ceannaireacht theicneolaíoch agus comhtháthú sóisialta a neartú.

(3) Ba cheart dlúthbhaint a bheith ag an gClár le Rialachán (AE) [XXX]* ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Ciste Eorpach um Iomaíochas][4] trí thaighde agus nuálaíocht a chur i gcroílár gheilleagar agus straitéis infheistíochta an Aontais.

2 IO C , , lch. .
3 IO C , , lch. .
4 IO C , , lch.

(4) Thairis sin, ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas neamhionannais idir fir agus mná a dhíchur agus comhionannas eatarthu a chur chun cinn, chomh maith le hidirdhealú a chomhrac i gcomhréir le hAirteagail 8 agus 10 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

(5) I dtimpeallacht eacnamaíoch, shóisialta agus gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa, is léir ón taithí a fuarthas le déanaí go bhfuil gá le creat airgeadais ilbhliantúil atá níos solúbtha agus lena chláir chaiteachais ón Aontas. Chuige sin, agus i gcomhréir le cuspóirí an Chláir, ba cheart breithniú cuí a dhéanamh leis an gcistiú ar na riachtanais bheartais atá ag teacht chun cinn agus ar thosaíochtaí an Aontais mar a shainaithnítear i ndoiciméid ábhartha a fhoilsíonn an Coimisiún, i rúin ó Pharlaimint na hEorpa agus i gconclúidí ón gComhairle, agus intuarthacht leordhóthanach á háirithiú le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid an tráth céanna.

(6) Dearadh na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh an Chláir chun rochtain a shimpliú, oscailteacht a fheabhsú, agus tionchar an chistithe ón Aontas a uasmhéadú a thuilleadh.

(7) Leis an gClár ba cheart rannchuidiú le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach in T&N sna Ballstáit a mhéadú, agus ar an gcaoi sin cuideofar le sprioc infheistíochta fhoriomlán 3 % ar a laghad d'olltáirgeacht intíre (OTI) an Aontais a bhaint amach i dtaighde agus forbairt. Ba cheart measúnú a dhéanamh ar infheistíocht na mBallstát in T&N le cuidiú an chreata chun beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus shóisialta a chomhordú laistigh den Aontas – próiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Chun an sprioc sin a bhaint amach, cheanglófaí ar na Ballstáit agus ar an earnáil phríobháideach an Clár a chomhlánú lena ngníomhaíochtaí infheistíochta treisithe féin i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht. Tá dul chun cinn seasta déanta ag an Aontas maidir le hinfheistíochtaí taighde agus forbartha a mhéadú ach tá sé ag titim chun deiridh ar cheannairí domhanda eile. Leis an sprioc 3 % a luaitear thuas agus a leagadh síos níos mó ná scór bliain ó shin, aithníodh an tábhacht atá le taighde agus forbairt mar bhonn do shochaí eolasbhunaithe. Cé go raibh an sprioc ina spreagadh ag Ballstáit éagsúla chun a spriocanna déine féin a leagan síos maidir le taighde agus forbairt, tá éagothromaíochtaí suntasacha fós ann toisc nach bhfuil a n- uaillmhian infheistíochta bainte amach nó sáraithe ach ag cúpla Ballstát.

(8) Mar atá i gceist le Fís Eorpach, ba cheart leanúint de shainmhínithe ECFE maidir le leibhéil na hullmhachta teicneolaí (LUTanna) a chur san áireamh agus taighde teicneolaíoch, forbairt táirge agus gníomhaíochtaí taisealbhaidh á n- aicmiú, agus le linn sainmhíniú a thabhairt ar na cineálacha gníomhaíochta atá le fáil i nglaonna ar thograí. Níor cheart deontais a dhámhachtain i leith gníomhaíochtaí i gcás ina sáraíonn siad LUT 8. Ba cheart é a bheith indéanta deontais a cheadú leis an gclár oibre le haghaidh bailíochtú táirgí ar mhórscála agus macasamhlú margaidh le haghaidh glao ar leith faoin gcuid 'Iomaíochas agus an tSochaí'.

(9) Ba cheart é a bheith indéanta codanna den bhuiséad a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha i dteannta eintitis phoiblí agus phríobháideacha eile, i gcás ina bhfuil an fhoirm sin ar an bhfoirm chur chun feidhme is éifeachtaí chun na cuspóirí beartais a bhaint amach. Ba cheart Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunú i gcás ina gceanglaítear rannpháirteachas dlúth ón Aontas agus ba cheart cearta vótála iomchuí le haghaidh an Aontais a áirithiú leo chomh maith le comhinfheistíocht leordhóthanach ó chomhpháirtithe eile chun cistiú ón Aontas a ghiaráil. D'fhonn sineirgí agus éifeachtúlachtaí a chothú, is gá rialacha comhchuibhithe a áirithiú. Dá

bhrí sin, ba cheart punann straitéiseach agus chomhleanúnach de líon teoranta Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunú.

(10) Leis na Comhpháirtíochtaí Eorpacha, lena n- áirítear i bhfoirm Comhghnóthas, mar uirlis fhíor- riachtanach chun rannpháirtíocht thionsclaíoch agus infheistíocht i dtaighde agus nuálaíocht chomhoibríoch a bhaint amach, ba cheart rannchuidiú le cuspóirí beartais sonracha na ngnéithe beartais den Chiste Eorpach um Iomaíochas, agus ba cheart tacú leo leis, i gcás inar gá, chun na cuspóirí sin a chur i gcrích.

(11) Ba cheart do Mhisin an Aontais mar a chuirtear ar bun i Rialachán 2021/695 tionchar claochlaitheach agus sistéamach ar an tsochaí a chumasú, trí chomhar trasdisciplíneach, trasearnála, trasbheartais agus trasteorann a chothú. Ba cheart iad a bheith ag brath ar thaighde agus nuálaíocht chun forbairt a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí, na seirbhísí, na táirgí agus na nuálaíochtaí sóisialta ceannródaíocha is gá chun a gcuspóirí uaillmhianacha a bhaint amach. Dá réir sin, le Misin an Aontais ba cheart dlús a chur le forbairt, scálú agus cur in úsáid réiteach nuálach agus cuidiú le príomh- mhargaí a chruthú le haghaidh táirgí agus seirbhísí nua. Leis an gClár Réime ba cheart gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na Misean a mhaoiniú, agus ba cheart an cur in úsáid agus an t- uas- scálú a sholáthar trí chláir eile de chuid an Aontais agus cistiú náisiúnta.

(12) Fréamhaithe i bPlean Straitéiseach Fís Eorpach 2025- 2027[5], uirlis chistiúcháin ilbhliantúil atá i gceist le Saoráid Bauhaus Eorpach Nua (NEB), rud a dearadh chun dlús a chur le claochlú comharsanachtaí trí dhearadh inbhuanaithe agus cuimsitheach. Ba cheart a chomhpháirt T&N a chistiú le Fís Eorpach agus ba cheart an chomhpháirt a bhaineann lena rolladh amach a sholáthar trí chláir eile de chuid an Aontais agus cistiú náisiúnta.

(13) Ba cheart don Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC) cistiú tarraingteach agus solúbtha a sholáthar, agus é á chur ar a gcumas, ar an gcaoi sin, do thaighdeoirí aonair éirimiúla agus cruthaitheacha – agus béim á cur d’aon ghnó ar thaighdeoirí luathchéime a chothú – na bealaí is mó a bhfuil gealladh fúthu a shaothrú san eolaíocht ar thús cadhnaíochta. Maidir leis an ngealltanas sin chun taighde faoi thionchar imscrúdaitheoirí a dhéanamh, rud a roghnaítear trí iomaíocht uile- Aontais nach bhfuil bunaithe ach ar chritéir barr feabhais agus atá ar oscailt do dhaoine éirimiúla gan beann ar an náisiúntacht ná ar an tionscnamh, tá sé bunúsach chun na daoine is géarchúisí ar domhan a mhealladh agus an Eoraip a bhunú a thuilleadh mar lárionad ceannródaíoch don taighde agus don nuálaíocht.

(14) I ngeilleagar domhanda eolasbhunaithe, ba cheart iomaíochas fadtéarmach, ceannaireacht theicneolaíoch agus inniúlacht an Aontais chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda a bheith ag brath go háirithe ar a chumas lucht saothair taighde atá ardoilte agus nasctha go hidirnáisiúnta a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil. Tá infheistíocht straitéiseach i dtaighdeoirí den scoth, ina n- oiliúint, ina soghluaisteacht agus ina n- ionchais ghairme, laistigh agus lasmuigh den saol acadúil, fíor- riachtanach chun an nuálaíocht, an athléimneacht eacnamaíoch agus folláine na sochaí a chothú. I gcomhréir le prionsabail na Cairte Eorpaí do thaighdeoirí, tá ról lárnach ag Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) chun an cuspóir sin a chur chun cinn. Leis an gClár ba cheart naisc idir ollscoileanna agus éiceachórais nuálaíochta, lena n- áirítear an earnáil phríobháideach, a threisiú. Leis sin ba cheart cur i gcrích an Limistéir Eorpaigh Taighde a chumasú, lena n- áirítear trí acmhainneacht na hearnála ardoideachais Eorpaí a fhorbairt chun dul in iomaíocht le

[5] Cinneadh C(2024)1741 ón gCoimisiún an 20.3.2024.

contrapháirtithe domhanda tríd an gcomhar, daoine éirimiúla a chothú agus a mhealladh agus níos mó infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil, lena n- áirítear trí thionscnaimh ardoideachais amhail Comhghuaillíochtaí d'Ollscoileanna Eorpacha, i sineirge le Erasmus+, agus i gcomhréir le cuspóirí agus gníomhaíochtaí an Rialacháin seo.

(15) Ba cheart don Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE) nuálaíocht domhainteicneolaíochta lena gcruthaítear margaí a spreagadh. Ba cheart di na nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta sin a shainaithint, a fhorbairt agus a chur in úsáid trína cuid ionstraimí. Trí thacaíocht chomhleanúnach agus chuíchóirithe, ba cheart do CNE an folús i dtacaíocht phoiblí agus in infheistíocht phríobháideach le haghaidh teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus nuálaíocht domhainteicneolaíochta a líonadh. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag CNE turas an nuálaí ón taighde go dtí an margadh a nascadh, a chomhtháthú agus a luathú trína ionstraimí agus é a chur ar a chumas don Aontas cuideachtaí ceannródaíocha a bheith i réimsí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn chun a chuspóirí sóisialta agus eacnamaíocha a chomhlíonadh agus spleáchais ar réigiúin eile a sheachaint. Ba cheart do CNE tacú le nuálaíochtaí ardriosca ardacmhainneachta agus le cuideachtaí a bhfuil cibé rioscaí teicneolaíochta, eolaíochta, airgeadais, bainistíochta nó margaidh ag baint leo nach meastar iad a bheith go hiomlán iontaofa ó thaobh brabúis go fóill agus, dá bhrí sin, nach féidir leo an leibhéal infheistíochtaí is gá a ardú chun bheith iomaíoch go domhanda ón margadh. Ba cheart a ionchorprú leis sin cur chuige 'oscailte' (ón mbun aníos) agus atá á spreagadh ag 'dúshlán' araon, i gcomhar agus i sineirge dhlúth leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas agus lena ghnéithe beartais. Ba cheart cur chuige atá cosúil le 'DARPA' a áireamh leis sin, ceann atá tiomnaithe do thacú le gnólacht nuathionscanta cosanta agus dé- úsáide agus lena n- uas- scálú ag feidhmiú i gcomhlántacht iomlán le hIonstraim InvestEU CEI agus le gníomhaíochtaí Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS) agus CASSINI (an Tionscnamh fiontraíochta spáis). Ba cheart an cur chun feidhme a dhéanamh i sineirge agus i gcomhar dlúth leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas.

(16) Maidir le maoiniú uas- scálaithe domhainteicneolaíochta faoin gCiste um Eoraip na nGnólachtaí atá ag Méadú a fógraíodh sa Straitéis um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, a bhí ann tráth theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart é a dhéanamh faoi na téarmaí a comhaontaíodh in CAI 2021- 2027. Ba cheart an maoiniú uas- scálaithe uile faoi CAI 2028- 2034 a dhéanamh faoi CEI.

(17) Ba cheart don Airmheán Comhpháirteach Taighde ('JRC') leanúint d'fhianaise eolaíoch neamhspleách agus tacaíocht theicniúil a sholáthar le haghaidh bheartais an Aontais ar feadh an timthrialla beartais iomláin. Ba cheart gníomhaíochtaí díreacha JRC a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, éifeachtúil agus trédhearcach, agus riachtanais bheartais an Aontais agus riachtanais ábhartha úsáideoirí JRC á gcur san áireamh agus cosaint leasanna airgeadais an Aontais á háirithiú. Ba cheart do JRC leanúint d'acmhainní breise a ghiniúint, ar acmhainní iad a fhéadfaidh sé a úsáid chun tacú lena ghníomhaíochtaí eolaíocha agus teicniúla.

(18) Leis an gClár ba cheart a áirithiú go ndéanfar luachanna agus prionsabail an Limistéir Eorpaigh Taighde agus an Chomhshocraithe um Thaighde agus um Nuálaíocht a chur chun cinn agus a chosaint go héifeachtach[6], go háirithe eitic agus sláinte i dtaighde

[6] Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir leis an gComhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, IO L 431, 2.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/2122/oj.

agus nuálaíocht, saoirse taighde eolaíoch, eolaíocht le haghaidh beartais, an comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna, neamh- idirdhealú, eolaíocht oscailte agus cur chun cinn gairmeacha taighde tarraingteacha agus soghluaisteachta. Go sonrach, leis an gClár ba cheart cur chun cinn éifeachtach comhionannais deiseanna do chách agus cur chun feidhme príomhshruthaithe inscne a áirithiú, lena n- áirítear comhtháthú na gné inscne in ábhar T&N. Ba cheart é a bheith d'aidhm aige dul i ngleic leis na cúiseanna le héagothroime inscne. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chothromaíocht inscne a áirithiú, a mhéid is féidir, i bpainéil mheastóireachta agus i gcomhlachtaí comhairleacha ábhartha eile amhail boird agus grúpaí saineolaithe.

(19) Leis an gClár ba cheart tacú le bonneagair thaighde agus bonneagair theicneolaíochta Eorpacha chun barr feabhais eolaíoch agus teicneolaíoch agus iomaíochas tionsclaíoch a spreagadh, trí thacú le leanúntas an timthrialla taighde agus nuálaíochta ó thaighde bunúsach go taighde feidhmeach i dtreo cur in úsáid sa tsochaí agus sa mhargadh.

(20) Leis an gClár, ba cheart bearta coincréiteacha a chur chun feidhme mar thaca le fothú acmhainneachta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus naisc chomhoibríocha a neartú ar fud an Aontais, lena bhfeabhsaítear an cumas taighde agus nuálaíochta i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus i dtíortha trasdula, as a dtagann córas T&N Eorpach níos aontaithe agus níos comhtháite agus lena rannchuidítear leis an sprioc 3 % ar a laghad de OTI a infheistiú i dtaighde agus i bhforbairt. Ba cheart na Ballstáit incháilithe ón tréimhse 2021- 2027 a roinnt in dhá ghrúpa ar feadh fhad iomlán an Chláir, ar bhonn Innéacs an Scórchláir Nuálaíochta agus an toraidh airgeadais choibhneasta in aghaidh an Ollioncaim Náisiúnta (OIN), bunaithe ar na critéir seo a leanas: i) 'Tíortha aistrithe', ag a bhfuil Innéacs Scórchláir Nuálaíochta (2023- 2025) os cionn 75 % de mheán an Aontais agus toradh airgeadais coibhneasta dearfach in aghaidh OIN (2021- 2025) faoi Fhís Eorpach; ii) 'Tíortha a thagann faoin bhfairsingiú', gach Ballstát eile atá incháilithe faoin tréimhse 2021- 2027.

(21) Agus aitheantas á thabhairt don tairbhe a eascraíonn as comhar idirnáisiúnta chun dul i ngleic, i measc nithe eile, le hábhair imní chomhroinnte theicneolaíocha, eacnamaíocha, chomhshaoil agus shochaíocha, leis an gClár ba cheart comhar le tríú tíortha a chur chun cinn. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag comhar idirnáisiúnta iomaíochas agus barr feabhais an Aontais in T&N a neartú, lena n- áirítear a inniúlacht chun na daoine éirimiúla is fearr ar domhan a mhealladh agus a choinneáil. Ba cheart breithnithe geopholaitiúla, lena n- áirítear slándáil eacnamaíoch, a bheith i gcroílár an chur chuige agus ba cheart leibhéil éagsúla chomhair a mheas bunaithe ar mheasúnú foriomlán ar an tairbhe a d'fhéadfadh an tAontas a bhaint as chun aghaidh a thabhairt ar a thosaíochtaí agus ar a dhúshláin dhomhanda agus luachanna agus leasanna an Aontais á gcosaint an tráth céanna. Ba cheart comhlachas leis an gClár uile nó le codanna de leanúint de bheith ar an bhfoirm is cuimsithí de chomhar. Le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint CNE, níor cheart ach d'eintitis atá bunaithe i dtríú tíortha atá comhlachaithe leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas le haghaidh gníomhaíochtaí cosanta a bheith incháilithe chun cistiú a fháil. Leis an gClár féadfar tacú le gníomhaíochtaí arna maoiniú leis an gClár um an Eoraip Dhomhanda ar choinníoll go gcomhlíonfar rialacha agus cuspóirí an Rialacháin seo leo i gcomhréir leis na forálacha maidir le sineirgí.

(22) Chun uathriail straitéiseach an Aontais a threisiú agus fás eacnamaíoch inbhuanaithe fadtéarmach a áirithiú, tá sé fíor- riachtanach a iomaíochas domhanda a neartú agus a shócmhainní agus a leasanna straitéiseacha, mar a leagtar amach sa Straitéis Eorpach

nua um an tSlándáil Eacnamaíoch, á gcosaint an tráth céanna[7]. Le hAirteagal 136 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 mar a chomhlánaítear le hAirteagal 10 de Rialachán (AE) XXX [an Ciste Eorpach um Iomaíochas] cuirtear chun cinn iomaíochas an Aontais agus cosnaítear a shlándáil eacnamaíoch. Le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin chun críoch an Chláir, ba cheart creat dlíthiúil iomchuí a sholáthar chun foráil a dhéanamh, i gcás inar gá, maidir le bunú coinníollacha sonracha i dtaca le nósanna imeachta dámhachtana lena gcuirtear iomaíochas atá dírithe ar thaighde chun cinn agus lena gcosnaítear leasanna agus uathriail straitéiseach an Aontais, lena n- áirítear bearta a bhfuil sé d'aidhm acu rannpháirtíocht a shrianadh nó torthaí a chosaint agus comhleanúnachas agus comhsheasmhacht le rialacha sonracha faoi ghnéithe an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas a áirithiú. I gcás inar gá, ba cheart cur chuige rioscabhunaithe a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go ndéanfar rioscaí a bhaineann le taighde agus nuálaíocht a shainaithint, go ndéanfar measúnú orthu agus go dtabharfar aghaidh orthu trí bhearta comhréireacha agus éifeachtacha[8]. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais, ba cheart feidhm a bheith ag srianta incháilitheachta maidir le soláthróirí ardriosca ar chúiseanna slándála.

(23) I bhfianaise rioscaí méadaitheacha a bhaineann le guaiseacha nádúrtha, éigeandálaí sláinte, timpistí teicneolaíocha, bagairtí slándála atá ag teacht chun cinn, agus suaitheadh eile, tá sé fíor- riachtanach go bhfeabhsófar cumas an Aontais agus na mBallstát chun géarchéimeanna agus tubaistí a réamh-mheas, ullmhú dóibh agus freagairt dóibh. Leis an gClár ba cheart tacú le taighde lena neartaítear riosca tubaiste agus bainistiú géarchéime, lena n- infheistítear in athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus lena bhfeabhsaítear athléimneacht feidhmeanna sochaíocha ríthábhachtacha, agus lena dtógtar Aontas atá níos athléimní, níos sláine agus níos ullmhaithe, i gcomhréir le cuspóirí na Straitéise AE um Aontas na hUllmhachta.

(24) Le gníomhaíochtaí ba cheart léiriú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le cailliúint thubaisteach na bithéagsúlachta agus rannchuidiú le caomhnú agus athchóiriú an dúlra, éiceachóras agus a seirbhísí. Is gá eolaíocht an chomhshaoil a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí chun damáiste don chomhshaol a sheachaint, comhshaol glan a choinneáil agus éiceachórais shláintiúla a athchóiriú.

(25) Leis an gClár aithnítear go bhfuil an t- athrú aeráide ar cheann de na dúshláin dhomhanda agus shochaíocha is mó dá bhfuil ann agus aithnítear gníomhú ar son na haeráide mar spreagadh don iomaíochas tionsclaíoch. Le gníomhaíochtaí ba cheart léiriú a thabhairt ar an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme.

(26) Tá simpliú i gcur chun feidhme an Chláir fíor- riachtanach chun a inrochtaineacht agus a éifeachtúlacht a áirithiú, go háirithe tríd an ualach riaracháin ar thairbhithe a laghdú agus tríd an riosca earráidí a íoslaghdú. Chuige sin, ba cheart an Clár a bheith ag brath go príomha ar chnapshuimeanna mar an fhoirm réamhshocraithe de chistiú an Aontais. Agus iarrachtaí á ndéanamh sna Cláir Réime roimhe seo chun rialacha cistiúcháin a chuíchóiriú agus earráidí a íoslaghdú, ba cheart aisíocaíocht costas pearsanra a shimpliú a thuilleadh freisin trí chostais aonaid phearsanra a úsáid, rud a laghdaíonn castacht do rannpháirtithe agus a éascaíonn tuairisciú.

---

[7] Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle maidir le 'An Straitéis Eorpach um an tSlándáil Eacnamaíoch', JOIN(2023) 20 final, an Bhruiséil, 20.6.2023.

[8] Moladh ón gComhairle an 23 Bealtaine 2024 maidir le slándáil taighde a fheabhsú, C/2024/3510.

(27) Chun freastal ar leagan amach eagraíochtúil sonrach, a thagann chun cinn go háirithe sna gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta, ba cheart é a bheith indéanta a dhearbhú go bhfuil ranníocaíochtaí comhchineáil ó thríú páirtithe ina gcostais incháilithe. Chun luachshocrú torthaí a dhreasú, ba cheart a shoiléiriú nár cheart é sin a áireamh mar ioncam ón ngníomhaíocht.

(28) D’fhonn iomaíochas an Aontais a neartú agus glacadh agus cur in úsáid na dtorthaí i gcoitinne a uasmhéadú, maidir le tairbhithe ar leo torthaí, ba cheart dóibh a gcuid torthaí a bhainistiú i gcomhréir lena n- oibleagáidí a leagtar síos faoin Rialachán seo maidir le luachshocrú agus scaipeadh. Féadfar na hoibleagáidí sin a choigeartú sa chlár oibre, i gcoinníollacha an ghlao nó sa chomhaontú deontais i gcás inarb iomchuí bunaithe ar bhreithnithe beartais, lena n- áirítear cinn a bhaineann leis an tslándáil eacnamaíoch, ach ba cheart ceanglais a chuimsiú leo chun cosaint agus rochtain a thabhairt, torthaí a luachshocrú agus iad a fhoilsiú go poiblí de réir mar is iomchuí agus mar atá bonn cirt leis, lena n- áirítear trí chleachtais eolaíochta oscailte. Chun an próiseas luachshocraithe a éascú agus a luathú, ba cheart ionstraimí agus uirlisí tacaíochta a chur i bhfeidhm i gcomhréir le straitéis luachshocraithe an Choimisiúin mar a fhorbraítear faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas agus le haon tacaíocht agus seirbhís den sórt sin dá bhforáiltear i gCaibidil III de.

(29) Tá gá le bearta tacaíochta chun éiceachórais nuálaíochta a neartú agus a nascadh ar bhealach níos fearr. Ba cheart bearta den sórt sin a bheith ina dtaca le heagraíochtaí agus nuálaithe chun éiceachórais nuálaíochta iomaíocha, láidre agus nasctha a chruthú agus feabhas a chur ar chreatdálaí trí chomhar agus malartú eolais. Ba cheart iad a bheith ina gcuidiú le héiceachórais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a nascadh trí dheireadh a chur le bacainní sa mhargadh aonair amhail ilroinnt an mhargaidh, rochtain theoranta ar chaipiteal agus margaí caipitil náisiúnta deighilte, glacadh mall nuálaíochta agus tearcúsáid soláthair nuálaíochta.

(30) Maidir leis na gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo ba cheart infheistíochtaí a luathú nó borradh a chur fúthu trí dhul i ngleic le clistí margaidh nó cásanna infheistíochta fo- optamacha, ar bhealach comhréireach, trí dhúbláil nó plódú a sheachaint agus trí chistiú príobháideach a dhreasú, agus ba cheart breisluach an Aontais a bheith acu. Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 CFAE maidir le hacmhainní náisiúnta, ba cheart comhsheasmhacht a áirithiú leis sin freisin idir na gníomhaíochtaí faoin gClár agus na rialacha maidir leis an státchabhair, agus, ar an gcaoi sin seachnófar saobhadh iomaíochta míchuí sa mhargadh inmheánach.

(31) Leis an Rialachán seo leagtar síos imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh Fís Eorpach, an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028- 2034.

(32) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[9] maidir leis an gClár. Leagtar síos leis an Rialachán na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

(33) D’fhonn comhsheasmhacht a áirithiú, ba cheart ráthaíocht bhuiséadach agus ionstraimí airgeadais, lena n- áirítear nuair a chomhcheanglaítear iad le tacaíocht

[9] Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

neamh- inaisíoctha in oibríochtaí measctha, faoin gClár seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Teideal X den Rialachán Airgeadais agus le socruithe teicniúla, téarmaí agus coinníollacha arna mbunú ag an gCoimisiún chun críocha a chur i bhfeidhm.

(34) I gcás ina bhfuil tacaíocht ón Aontas faoin gClár le soláthar i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais, lena n- áirítear i gcás ina gcomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh- inaisíoctha in oibríocht mheasctha, cé is moite d'ionstraimí airgeadais faoi CNE, ba cheart an tacaíocht sin a sholáthar go heisiach trí Ionstraim InvestEU CEI i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme d'Ionstraim InvestEU CEI.

(35) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], Rialacháin (Euratom, CE) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[11], (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[12] agus (AE) 2017/1939[13], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n- áirítear trí neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a imscrúdú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, tá Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) inniúil chun calaois agus cionta coiriúla eile, lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais, a imscrúdú agus a ionchúiseamh, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.[14]. I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, aon duine nó eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas, ní mór dó nó di dul i gcomhar go hiomlán chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, chun na cearta agus an rochtain is gá a dheonú don Choimisiún, OLAF, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus, de réir mar is iomchuí, OIPE, agus chun a áirithiú go ndéanfar aon tríú páirtí atá rannpháirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas cearta coibhéiseacha a dheonú.

(36) Tá an Clár le cur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán Feidhmíochta] lena mbunaítear na rialacha maidir le creat rianaithe caiteachais agus feidhmíochta buiséid, lena n- áirítear rialacha chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm go haonfhoirmeach na prionsabail maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' agus maidir leis an gcomhionannas inscne dá dtagraítear in Airteagal 33(2), pointí (d) agus (f), chomh maith leis na

---

10 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle,(IO L 248, 18.9.2013, lch. 1.

11 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1).

12 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 15,11.96, lch. 2).

13 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

14 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

forálacha maidir le hinrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas a léirítear in Airteagail 17.3, 20.4 agus 21.1 d'Iarscríbhinn I, a ghabhann le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 faoi seach agus i gcomhréir le ceanglais inrochtaineachta Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2019/882, rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir agus ghníomhaíochtaí an Aontais, rialacha maidir le tairseach um chistiú ón Aontas a bhunú, rialacha chun meastóireacht a dhéanamh ar na cláir, chomh maith leis na forálacha cothrománacha eile is infheidhme maidir le cláir uile an Aontais amhail na cláir sin maidir le faisnéis, cumarsáid agus infheictheacht.

(37) De bhun Airteagal 85(1) de Chinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle[15], tá daoine agus eintitis atá bunaithe i dtíortha agus críocha thar lear (OCTanna) incháilithe chun cistiú a fháil faoi réir rialacha agus chuspóirí an Chláir agus socruithe féideartha is infheidhme maidir leis an mBallstát lena mbaineann an tír nó an chríoch ábhartha thar lear.

(38) Cuirtear an Clár in ionad an chláir Fís Eorpach a bhunaítear le Rialachán (AE) 2021/695. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2021/695 a aisghairm.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# Teideal I – An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht

## Caibidil I

## Forálacha Ginearálta

*Airteagal 1*

***Ábhar***

1. Bunaítear leis an Rialachán seo Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (an 'Clár') le haghaidh thréimhse an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (an 'CAI') 2028- 2034 agus leagtar amach leis na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh a bhaineann le gníomhaíochtaí indíreacha faoin gClár agus cinntear leis an creat lena rialaítear an tacaíocht ón Aontas le haghaidh gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta ar feadh an fhaid chéanna. Leagtar síos leis freisin cuspóirí an Chláir agus a bhuiséad le haghaidh na tréimhse sin, na foirmeacha cistiúcháin ón Aontas agus na rialacha chun an cistiú sin a sholáthar.

2. Cuirfear an Clár chun feidhme trí na nithe seo a leanas:

   (a) an Clár Sonrach a bunaíodh le Cinneadh XX ón gComhairle lena n- áirítear gníomhaíochtaí taighde comhoibríocha na ngnéithe beartais mar a leagtar amach sa Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas.

[15] Cinneadh (AE) 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n-áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) (IO L 355, 7.10.2021, lch. 6–134).

(b) an Clár Sonrach maidir le taighde cosanta a bhunaítear le Rialachán (AE)[XXX] [an Ciste Eorpach um Iomaíochas].

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an gClár Sonrach i dtaca le taighde cosanta dá dtagraítear i mír 2, pointe (b). Na gníomhaíochtaí a dhéanfar faoin gClár Sonrach seo agus a leagtar síos i Rialachán (AE)[XXX] [An Ciste Eorpach um Iomaíochas], beidh sé d'aidhm acu iomaíochas, éifeachtúlacht agus acmhainneacht nuálaíochta bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a chothú.

4. Leis na téarmaí 'Fís Eorpach', 'an Clár' agus 'Clár Sonrach' a úsáidtear sa Rialachán seo, tagraítear d'ábhair nach bhfuil ábhartha ach don Chlár Sonrach dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), mura sonraítear a mhalairt.

*Airteagal 2*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

*(1) is éard atá i gceist le 'bonneagair thaighde' saoráidí lena soláthraítear acmhainní agus seirbhísí chun taighde a dhéanamh agus nuálaíocht a chothú ina réimsí;*

*(2) is éard atá i gceist le 'bonneagair theicneolaíochta' saoráidí, trealamh, cumais agus acmhainní is gá chun teicneolaíocht a fhorbairt, a thástáil, a uas- scálú agus a bhailíochtú – ó sheirbhísí taighde fheidhmigh réamhiomaíochta suas le taisealbhadh agus bailíochtú;*

*(3) ciallaíonn 'neamhiontaofa ó thaobh brabúis de' nach bhfuil an t- eintiteas dlítheanach in ann infheistíocht leordhóthanach a mhealladh go fóill chun a phlean gnó a chur chun feidhme go hiomlán agus dul in iomaíocht go hidirnáisiúnta;*

*(4) ciallaíonn 'maoiniú measctha' tacaíocht airgeadais a sholáthraítear faoin gComhairle Nuálaíochta Eorpach ('CNE') arb éard atá ann meascán de dheontas agus infheistíocht;*

*(5) ciallaíonn 'teicneolaíocht dhomhain' nuálaíocht lena bhféadfaí réitigh chlaochlaitheacha a sholáthar agus atá bunaithe ar dhul chun cinn ceannródaíoch san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus san innealtóireacht;*

*(6) ciallaíonn 'Comhpháirtíocht Eorpach' tionscnamh ina ngeallann an tAontas i dteannta comhpháirtithe príobháideacha agus/nó poiblí tacú i gcomhpháirt le clár gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh air, agus ina gcomhroinntear na costais idir na comhpháirtithe uile;*

*(7) ciallaíonn 'rochtain oscailte' rochtain ar líne ar thorthaí, a sholáthraítear saor in aisce don úsáideoir deiridh;*

*(8) ciallaíonn 'eolaíocht oscailte' cur chuige i leith an phróisis eolaíoch lena n- áirítear comhroinnt luath agus oscailte taighde, rochtain oscailte ar thorthaí agus bainistiú freagrach ar thorthaí, bearta in-atáirgtheachta, agus páirt a thabhairt do shaoránaigh agus úsáideoirí deiridh i dtaighde agus nuálaíocht;*

*(9) ciallaíonn 'soláthar réamhthráchtála' soláthar* poiblí nó príobháideach *seirbhísí taighde agus forbartha lena mbaineann comhroinnt rioscaí-sochair faoi dhálaí margaidh, agus forbairt iomaíoch i gcéimeanna, i gcás ina bhfuil deighilt shoiléir ann idir na seirbhísí taighde agus forbartha a sholáthraítear ó mhéideanna tráchtála de tháirgí deiridh a chur in úsáid;*

(10) *ciallaíonn 'soláthar réiteach nuálach'* soláthar poiblí nó príobháideach *ina ngníomhaíonn soláthróirí mar chustaiméir céadtrialach le haghaidh earraí nó seirbhísí nuálacha nach bhfuil ar fáil go fóill ar bhonn tráchtála ar mhórscála, agus is féidir go n- áireofar tástáil chomhréireachta leis;*

(11) *ciallaíonn 'cúlra' aon sonra, eolas nó saineolas, cibé foirm nó cineál atá aige, inláimhsithe nó doláimhsithe, lena n- áirítear aon cheart amhail cearta maoine intleachtúla a shealbhaítear roimh an aontachas le gníomhaíocht ar leith;*

(12) *ciallaíonn 'luachshocrú' torthaí a úsáid i ngníomhaíochtaí eile seachas na gníomhaíochtaí sin a chumhdaítear leis an ngníomhaíocht lena mbaineann, lena n- áirítear cur in úsáid tráchtála;*

(13) *ciallaíonn 'eagraíocht taighde Eorpach idirnáisiúnta' eagraíocht idirnáisiúnta, ar Ballstáit nó tíortha comhlachaithe tromlach a comhaltaí, agus a bhfuil sé de phríomhchuspóir aici an comhar eolaíoch agus teicneolaíoch a chur chun cinn san Eoraip;*

(14) *ciallaíonn 'eintitis dhlítheanacha bhrabúis' eintiteas dlítheanach ar le haghaidh brabús a dhéanamh é de réir na foirme dlíthiúla atá aige nó a bhfuil sé d'oibleagáid dhlíthiúil nó reachtach air brabúis a dháileadh ar a scairshealbhóirí nó ar a chomhaltaí aonair;*

(15) *ciallaíonn 'fiontar beag nó meánmhéide' nó 'FBM' micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún*[16]*;*

(16) *ciallaíonn 'cuideachta mheánchaipitlithe bheag' fiontar meánchaipitlithe beag mar a shainmhínítear i bpointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún*[17]*;*

(17) *ciallaíonn 'torthaí' aon toradh inláimhsithe nó doláimhsithe ar ghníomhaíocht ar leith, amhail sonraí, eolas nó saineolas, cibé foirm nó cineál atá aige agus cibé acu is féidir nó nach féidir é a chosaint, chomh maith le haon cheart atá ag gabháil leis, lena n- áirítear cearta maoine intleachtúla;*

(18) *ciallaíonn 'gníomhaíocht taighde ceannródaíoch ERC' gníomhaíocht taighde atá faoi cheannas imscrúdaitheora, lena n- áirítear Cruthúnas Coincheapa ERC, arna hóstáil ag tairbhithe aonair nó iolracha a fhaigheann cistiú ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC);*

(19) *ciallaíonn 'gníomhaíocht oiliúna agus oiliúna' gníomhaíocht atá dírithe ar fheabhas a chur ar scileanna, eolas agus ionchais ghairme taighdeoirí, lena gcuirtear chun cinn soghluaisteacht idir tíortha, earnálacha nó disciplíní;*

(20) *ciallaíonn 'gníomhaíocht chomhordúcháin agus tacaíochta' gníomhaíocht lena rannchuidítear le cuspóirí an Chláir, gan gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta (T&N) a chur san áireamh, seachas nuair a dhéantar é faoin gcomhpháirt 'rannpháirtíocht a leathnú agus barr feabhais a scaipeadh' de chuid IV 'An Limistéar Eorpach Taighde'; agus comhordú ón mbun aníos gan gníomhaíochtaí taighde ón Aontas a chomhchistiú, rud a fhágann gur féidir comhar a bhunú idir*

---

[16] Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).

[17] Moladh (AE) 2025/1099 ón gCoimisiún an 21 Bealtaine 2025 maidir leis an sainmhíniú ar fhiontair mheánchaipitlithe bheaga (IR L, 28.5.2025, lch. 1)

*eintitis dhlítheanacha ó na Ballstáit agus ó thíortha comhlachaithe chun LET a neartú;*

*(21)* *ciallaíonn 'gníomhaíochtaí indíreacha' gníomhaíochtaí a bhaineann le T&N a sholáthraíonn an tAontas tacaíocht airgeadais dóibh agus a dtugann rannpháirtithe fúthu;*

*(22)* *ciallaíonn 'gníomhaíochtaí díreacha' gníomhaíochtaí a bhaineann le T&N a dhéanann an Coimisiún trína JRC;*

*(23)* *ciallaíonn 'éiceachóras nuálaíochta' éiceachóras lena dtugtar le chéile eagraíochtaí ar leibhéal an Aontais a bhfuil sé de sprioc fheidhmiúil acu forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht a chumasú agus lena gcuimsítear caidreamh idir acmhainní ábhartha (amhail cistí, trealamh agus saoráidí, lena n- áirítear bonneagair thaighde agus theicneolaíochta), eintitis institiúideacha (amhail institiúidí ardoideachais agus seirbhísí tacaíochta, eagraíochtaí taighde agus teicneolaíochta, cuideachtaí, infheisteoirí – lena n- áirítear caipitlithe fiontair – agus idirghabhálaithe airgeadais) agus eintitis ceaptha beartais agus cistiúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.*

*(24)* *ciallaíonn 'triantán eolais' líonraí a chruthú idir institiúidí oideachais, eagraíochtaí taighde agus gnólachtaí arb é is aidhm dóibh éiceachórais nuálaíochta a chruthú lena bhfreastalaítear ar phíblíne nuálaíochta a chruthú ó thús na nuálaíochta trí oideachas fiontraíochta go dtí cruthú gnólachtaí nuathionscanta agus fás gnólachtaí atá ag méadú.*

*Airteagal 3*

***Cuspóirí an chláir***

1. I gcomhréir le cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas, leis an gClár neartófar iomaíochas agus bonn teicneolaíoch eolaíoch an Aontais, agus rachfar i ngleic le dúshláin dhomhanda bunaithe ar thaighde agus nuálaíocht den scoth.

2. Is iad na cuspóirí sonracha atá ag an gClár:

   – Eolas, scileanna agus gairmeacha tarraingteacha ardcháilíochta a chruthú le haghaidh taighdeoirí agus tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a bhaint amach.

   – Taighde comhoibríoch, comhroinnt eolais agus luachshocrú uile- Aontais agus idirnáisiúnta a mhéadú.

   – Tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a ailíniú chun éiceachóras taighde agus nuálaíochta uile- Eorpach a chruthú.

   – Éagothromaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a laghdú maidir le hacmhainneacht, scileanna agus tallann taighde agus nuálaíochta chun éiceachórais nuálaíochta a neartú.

   – Feabhas a chur ar sheasamh an Aontais sa nuálaíocht, agus béim ar leith á cur ar theicneolaíochtaí straitéiseacha agus ar nuálaíocht shuaiteach, scaipeadh réiteach nuálach a éascú trí ghníomhaíochtaí caighdeánaithe chun iomaíochas a chothú agus dul i ngleic le príomhdhúshláin shochaíocha.

– Níos mó maoiniú príobháideach le haghaidh taighde agus nuálaíochta a dhí- rioscú agus a shlógadh, go háirithe chun tacú leis an teicneolaíocht dhomhain agus chun gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha a uas- scálú.

– Rannchuidiú le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus nuálaíocht a mhéadú sna Ballstáit, agus ar an gcaoi sin rannchuideofar le caiteachas foriomlán 3 % ar a laghad d'Olltáirgeacht Intíre ('OTI') an Aontais i dtaighde agus forbairt a bhaint amach.

*Airteagal 4*

***Struchtúr an chláir***

3. Chun críocha an Chláir Shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 1(2), déanfar an Clár a struchtúrú i gcodanna mar a leanas lena rannchuidítear leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 agus i ngnéithe beartais Rialachán (AE) XXX [an Ciste Eorpach um Iomaíochas]:

(a) Cuid I 'Eolaíocht den Scoth', ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe:

(i) an Chomhairle Eorpach um Thaighde (ERC);

(ii) Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska- Curie (GMSC).

(iii) Eolaíocht le haghaidh bheartais an Aontais: gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

(b) Cuid II 'Iomaíochas agus an tSochaí', ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe:

i) 'Iomaíochas', lena n- áirítear gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta chun tacú le beartais faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas, amhail:

(1) gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi Chaibidil IV 'An tAistriú Glan agus an Dícharbónú Tionsclaíoch' den Chiste Eorpach um Iomaíochas;

(2) gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi Chaibidil V 'An tSláinte, an Bhith- theicneolaíocht, an Talmhaíocht agus an Bithgheilleagar' den Chiste Eorpach um Iomaíochas;

(3) gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi Chaibidil VI 'An Cheannaireacht Dhigiteach' den Chiste Eorpach um Iomaíochas;

(4) gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi Chaibidil VII 'An Athléimneacht agus an tSlándáil, an Tionscal Cosanta agus an Spás' den Chiste Eorpach um Iomaíochas.

ii) 'An tsochaí', lena n- áirítear gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, amhail:

(1) dúshláin shochaíocha dhomhanda;

(2) Misin an Aontais;

(3) Saoráid Bauhaus Eorpach Nua;

(c) Cuid III ‘An Nuálaíocht’, ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe:

(i) an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE);

(ii) Éiceachórais nuálaíochta, lena n- áirítear gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais – ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó – a chothú ar fud an Aontais.

(d) Cuid IV ‘an Limistéar Eorpach Taighde’, ina bhfuil na comhpháirteanna seo a leanas, go háirithe:

(i) córas Taighde agus Nuálaíochta na hEorpa a athchóiriú agus a fheabhsú;

(ii) bonneagair thaighde agus theicneolaíochta;

(iii) rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a scaipeadh.

*Airteagal 5*

***Prionsabail chothrománacha***

Leis an gClár:

(a) áiritheofar cur chuige ildisciplíneach, i gcás inarb iomchuí, agus déanfar foráil maidir leis na heolaíochtaí sóisialta agus leis na daonnachtaí (ESDanna) a chomhtháthú sna comhpháirteanna uile faoin gClár, lena n- áirítear glaonna sonracha ar thograí maidir le hábhair a bhaineann le ESDanna.

(b) cuirfear eolas eolaíoch chun cinn agus rannchuideofar le beartais phoiblí atá eolasach, éifeachtach agus freagrúil a chruthú ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin. Leis an gClár déanfar úsáid torthaí taighde a chistítear go poiblí agus fianaise eolaíche a chur chun cinn go gníomhach i bpróisis ceaptha beartas ar gach leibhéal, rud a chothaíonn naisc níos láidre idir taighde, nuálaíocht agus forbairt beartas poiblí atá bunaithe ar fhianaise. Áireofar leis sin sásraí comhoibríocha, tionscnaimh T&N agus comhéadain eolaíochta le haghaidh beartais a spreagadh lena nasctar lucht ceaptha beartas leis an bpobal eolaíochta, chomh maith le húsáid torthaí taighde a éascú chun creataí reachtacha agus rialála amach anseo a mhúnlú ar gach leibhéal. Cuirfear béim ar leith ar a áirithiú go mbeidh léargais eolaíocha inrochtana agus ábhartha maidir le cinnteoirí agus saoránaigh, agus ionstraimí ann chun torthaí taighde, coimrí beartais agus moltaí a úsáid go héifeachtach.

(c) cleachtais eolaíochta oscailte a spreagadh, lena n- áirítear trí rochtain oscailte ar fhoilseacháin eolaíocha phiarmheasúnaithe a áirithiú maidir le torthaí, chomh maith le rochtain oscailte ar shonraí taighde agus torthaí eile de réir an phrionsabail ‘a oscailte is féidir, a iata is gá’.

*Airteagal 6* ***Buiséad***

4. Is é EUR 175 002 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh in imchlúdach airgeadais táscach an Chláir le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2028 go dtí an 31 Nollaig 2034.

5. Is éard a bheidh i ndáileadh táscach an mhéid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo le haghaidh an Chláir Shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a):

(a) EUR 44 079 000 000 le haghaidh Chuid I 'Eolaíocht den Scoth', méid a bhfuil EUR 2 600 000 000 de ann le haghaidh ghníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC).

(b) EUR 75 876 000 000 le haghaidh Chuid II 'Iomaíochas agus an tSochaí', lena n- áirítear:

i. EUR 68 270 000 000 le haghaidh 'Iomaíochas' lena n- áirítear:

EUR 25 331 000 000 le haghaidh gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi Chaibidil IV 'An tAistriú Glan agus an Dícharbónú Tionsclaíoch' den Chiste Eorpach um Iomaíochas;

EUR 19 650 000 000 le haghaidh gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi Chaibidil V 'An tSláinte, an Bhith-theicneolaíocht, an Talmhaíocht agus an Bithgheilleagar' den Chiste Eorpach um Iomaíochas;

EUR 16 854 000 000 le haghaidh gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi Chaibidil VI 'An Cheannaireacht Dhigiteach' den Chiste Eorpach um Iomaíochas;

EUR 6 435 000 000 le haghaidh gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta faoi Chaibidil VII 'An Athléimneacht agus an tSlándáil, an Tionscal Cosanta agus an Spás' den Chiste Eorpach um Iomaíochas.

ii. EUR 7 606 000 000 le haghaidh 'An tSochaí'.

(c) EUR 38 785 000 000 le haghaidh Chuid III 'An Nuálaíocht'.

(d) EUR 16 262 000 000 le haghaidh Chuid IV 'An Limistéar Eorpach Taighde', méid a bhfuil EUR 5 387 000 000 de ann chun rannpháirtíocht a leathnú agus barr feabhais a scaipeadh.

1. Féadfar an méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 7 a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, córais agus ardáin teicneolaíochta faisnéise, gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n- áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, agus gach cúnamh teicniúil agus riaracháin nó costas foirne eile a thabhaíonn an Coimisiún chun an Clár a bhainistiú.

2. Más gá chun go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoin 31 Nollaig 2034 a bhainistiú, féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2034 chun na costais is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú.

3. Gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí is faide ná 1 bhliain airgeadais amháin, féadfar iad a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

*Airteagal 7*

***Acmhainní breise***

1. Féadfaidh na Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó

tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a dhéanamh leis an gClár. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e) nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

2. Acmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar iad a chur ar fáil don Chlár, arna iarraidh sin do na Ballstáit. Déanfaidh an Coimisiún na hacmhainní sin a chur chun feidhme go díreach nó go hindíreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (a) nó (c) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Beidh siad de bhreis ar an méid dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Rialachán seo. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach ná faoi bhainistíocht indíreach maidir le méideanna breise arna gcur ar fáil don Chlár ar an dóigh sin, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig clár foinseach amháin nó níos mó faoi seach nó chuig a gcomharbaí, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann.

*Airteagal 8*

***Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Gníomhaíocht a bhfuil ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile, féadfaidh sí ranníocaíocht a fháil faoin gClár seo freisin. Beidh feidhm ag rialacha an chláir ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Nósanna imeachta dámhachtana a bheidh ann faoin gClár, féadfar iad a stiúradh go comhpháirteach, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach, i gcomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile, ar choinníoll go n-áiritheofar cosaint leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích dá dtoradh. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirtí, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. I nósanna imeachta dámhachtana comhpháirtí, féadfaidh ionadaithe na gcomhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirtí a bheith ina gcomhaltaí den choiste meastóireachta freisin dá dtagraítear in Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509,

3. Faoin gclár sin, sa bhreis ar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 8(1) agus (2) de Rialachán (AE) XXX [An Ciste Eorpach um Iomaíochas], ní dhámhfar Séala Iomaíochais ach ar ghníomhaíochtaí ardcháilíochta nár maoiníodh faoin gClár de dheasca sriantachtaí buiséid.

4. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí ar dámhadh Séala Iomaíochais orthu a mhaoiniú.

*Airteagal 9*

***Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár***

1. Féadfar rannpháirtithe sa Chlár a dhéanamh de na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha nó le haon chinneadh arna ghlacadh faoi chuimsiú na gcomhaontuithe sin agus is infheidhme maidir le:

   (a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, chomh maith le micreastáit Eorpacha;

   (b) tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha;

   (c) tíortha Bheartas Comharsanachta na hEorpa;

   (d) tríú tíortha eile.

2. Leis na comhaontuithe comhlachais maidir le rannpháirtíocht sa Chlár:

   (a) áiritheofar cothromaíocht chóir a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sa Chlár;

   (b) leagfar síos na coinníollacha maidir le ranníocaíocht sa Chlár, lena n- áirítear ríomh ranníocaíochtaí airgeadais, arb é atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta, leis an gClár agus a chostais riaracháin ghinearálta;

   (c) ní thabharfar aon chumhacht chinnteoireachta sa Chlár don tríú tír;

   (d) ráthófar cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint.

   (e) i gcás inarb ábhartha, áiritheofar cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais.

3. Chun críocha mhír 2, pointe (d), deonóidh an tríú tír na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, infhorfheidhmithe.

4. Chun críoch mhír 1, pointe (d), ní fhéadfar comhlachas ná comhlachas páirteach le tríú tíortha eile a dhéanamh ach amháin má chomhlíonann siad na critéir uile seo a leanas:

   (a) acmhainneacht mhaith eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta a bheith acu;

   (b) gealltanas a bheith tugtha acu maidir le geilleagar margaidh oscailte riailbhunaithe, lena n-áirítear a bheith ag caitheamh ar bhealach cóir agus cothrom le cearta maoine intleachtúla, urramú chearta an duine, agus sin faoi choimirce institiúidí daonlathacha;

(c) beartais chun feabhas a chur ar fholláine eacnamaíoch agus shóisialta na saoránach a bheith á gcur chun cinn go gníomhach acu.

5. Le raon feidhme chomhlachas gach tríú tír leis an gClár cuirfear san áireamh anailís ar na rioscaí, go háirithe na rioscaí sin ar dócha go ndéanfar difear leo d’ord poiblí agus slándáil an Aontais i réimsí ábhartha beartais, lena n- áirítear slándáil eacnamaíoch agus taighde, chomh maith le tairbhí agus leis an gcuspóir níos leithne a bhaineann le fás eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais a spreagadh tríd an nuálaíocht. Dá réir sin, cé is moite de chomhaltaí LEE, tíortha aontacha, tíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha, féadfar tríú tíortha a eisiamh ó chodanna den Chlár i gcomhréir leis an Rialachán seo nó leis an gcomhaontú comhlachais féin.

6. Leis an gcomhaontú comhlachais lena leagtar amach na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sa Chlár, déanfar foráil, a mhéid is féidir, maidir le rannpháirtíocht chómhalartach eintiteas dlítheanach atá bunaithe san Aontas i gcláir choibhéiseacha tíortha comhlachaithe i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sna cláir sin.

7. Leis na coinníollacha lena gcinntear leibhéal na ranníocaíochtaí airgeadais dá dtagraítear i mír 2, pointe (b), áiritheofar go ndéanfar ceartú uathoibríoch tráthrialta ar aon éagothroime shuntasach i gcomparáid leis an méid a fhaigheann eintitis atá bunaithe sa tír chomhlachaithe trí bheith rannpháirteach sa Chlár, agus costais bhainistiú, fhorfheidhmiú agus oibriú an Chláir á gcur san áireamh. Le leithdháileadh na ranníocaíochtaí airgeadais cuirfear san áireamh leibhéal ranníocaíochta eintitis dhlítheanacha na dtíortha comhlachaithe i ngach cuid den Chlár.

*Airteagal 10*

***Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas***

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach le comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c) den Rialachán sin.

2. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, go háirithe trí dheontais, duaiseanna, soláthar, tabhartais neamhairgeadais agus ionstraimí airgeadais.

3. Cé is moite d’ionstraimí airgeadais faoi (Chiste) CNE i gcás ina soláthraítear tacaíocht ón Aontas i bhfoirm ráthaíochta buiséadaí nó ionstraime airgeadais, lena n- áirítear i gcás ina gcomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh- inaisíoctha in oibríocht mheasctha, soláthrófar í go heisiach trí Ionstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas agus cuirfear chun feidhme í i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme in Ionstraim InvestEU an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas trí na comhaontuithe ranníocaíochta nó ráthaíochta arna dtabhairt i gcrích chun na críche sin. I gcás ina mbaintear úsáid as Ionstraim InvestEU CEI sa Chlár, soláthrófar leis an soláthar le haghaidh na ráthaíochta buiséadaí agus an maoiniú le haghaidh ionstraimí airgeadais, lena n- áirítear nuair a chomhcheanglaítear sin le tacaíocht neamh- inaisíoctha i bhfoirm oibríochta measctha.

4. I gcás ina soláthraítear cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar cistiú mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costas, nó mar roghanna costas simplithe, go háirithe trí chnapshuimeanna chomh maith le costais aonaid le haghaidh pearsanra, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i

bhfoirm aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile. I gcás inar gá foinsí cistiúcháin eile a chumasú, lena n- áirítear comhinfheistíochtaí le hacmhainní náisiúnta faoi réir rialacha maidir leis an státchabhair, soláthrófar cistiú i bhfoirm aisíocaíochta costais incháilithe iarbhír nó roghanna costas simplithe.

5. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.

*Airteagal 11*

***Comhpháirtíochtaí Eorpacha***

1. I gcás inar gá chun na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 a bhaint amach, féadfar gníomhaíochtaí faoin Rialachán seo a chur chun feidhme trí Chomhpháirtíochtaí Eorpacha mar réamhshocrú trí na cláir oibre.

2. Beidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha bunaithe ar Mheabhrán Tuisceana, arna chomhaontú agus arna shíniú idir na comhpháirtithe, ina sonrófar an méid seo a leanas:

   (a) na torthaí atá le soláthar, torthaí a bheidh soiléir, intomhaiste agus faoi cheangal ama;

   (b) ceanglais maidir le tuairisciú;

   (c) na gealltanais ghaolmhara ó na comhpháirtithe uile;

   (d) socruithe rialachais le sásra le haghaidh na gcomhpháirtithe chun clársceidealú agus gníomhaíochtaí na gcomhpháirtíochtaí a phlé agus a chomhaontú.

3. I gcásanna a bhfuil bonn cirt leo, cuirfear Comhpháirtíochtaí Eorpacha chun feidhme trí chúraimí cur chun feidhme buiséid ó chláir chistiúcháin éagsúla de chuid an Aontais a chur ar iontaoibh comhlachtaí a bhunaítear de bhun Airteagail 185 agus 187 CFAE, i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

4. Maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha a bhunaítear de bhun mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, beidh tacaíocht ón gClár coinníollach ar úsáid éifeachtúil a bhaint as maoiniú ón Aontas, ar ranníocaíocht airgeadais chomhréireach ó chomhpháirtithe eile a bheidh ag teacht, ar a laghad, le ranníocaíocht an Aontais agus ar chearta vótála le haghaidh an Aontais sna comhlachtaí rialaithe lena n- áirithítear cosaint leasanna an Aontais sa chomhpháirtíocht. Chun na críche sin, bunófar Comhghnóthais trí ghníomh bunaithe aonair lena n- áirithítear rialacha comhchuibhithe.

5. Maidir le Comhpháirtíochtaí Eorpacha:

   (a) ní bhunófar iad ach amháin i gcásanna nach féidir na cuspóirí inmhianaithe a bhaint amach le gníomhaíocht an Aontais amháin ná le foirmeacha eile tacaíochta faoin gClár.

   (b) bunófar iad chun dul i ngleic le dúshláin lena gceanglaítear mais chriticiúil acmhainní agus cur chuige aontaithe agus comhordaithe, i dtéarmaí clársceidealú agus cur chun feidhme de, ar fud na ngníomhaithe.

   (c) ailíneoidh agus cuideoidh siad le cur chun feidhme mhórbheartais agus mhórthionscnaimh bheartais an Aontais.

(d) roghnófar iad ar bhealach iomaíoch bunaithe ar shraith de chritéir saolré inchainníochtaithe agus ar chur chuige punainne láidir, a mbeidh sraith chomhleanúnach tionscnamh mar thoradh air.

(e) beidh siad bunaithe ar ghealltanais *ex ante*, fhadtéarmacha agus fhoirmiúla ó na comhpháirtithe uile chun ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh le hacmhainní na Comhpháirtíochta Eorpaí, rud a bhainisteofar go lárnach, seachas i gcásanna a bhfuil bonn cirt leo.

(f) ceanglófar cur chuige saolré soiléir leo, lena n- áirítear plean tosaigh chun an tionscnamh a chur chun feidhme agus straitéis ann chun deireadh a chur de réir a chéile nó go hiomlán le cistiú ón Aontas.

6. Is sna foirmeacha seo a leanas a bheidh ranníocaíochtaí ó Chomhpháirtithe seachas an tAontas:

(a) ranníocaíochtaí airgeadais le buiséad oibríochtúil an tionscnaimh;

(b) cómhaoiniú ó na Comhpháirtithe ar a rannpháirtíocht féin, nó ó rannpháirtíocht a gcomhaltaí, i dtionscadail a chistítear tríd an tionscnamh.

7. Soláthróidh na Comhpháirtithe uile seachas an tAontas faisnéis maidir leis an struchtúr, leis an gcomhaltas agus leis na gníomhaíochtaí a fhorbraítear laistigh den chomhpháirtíocht. I gcásanna ina dtugtar comhpháirtíochtaí i gcrích le heagraíochtaí agus comhlachais ionadaíocha, áireofar leis sin faisnéis thráthrialta faoina gcomhaltas.

# Caibidil II

# Eolaíocht den Scoth

*Airteagal 12*

***An Chomhairle Eorpach um Thaighde***

1. Soláthróidh an Chomhairle Eorpach um Thaighde cistiú tarraingteach solúbtha chun go mbeidh taighdeoirí aonair tréitheacha agus cruthaitheacha, le béim ar thaighdeoirí luathchéime, agus a bhfoirne, in ann na goirt is mó a bhfuil gealladh fúthu a threabhadh san eolaíocht cheannródaíoch, gan beann ar a náisiúntacht ná ar a dtír thionscnaimh agus ar bhonn iomaíochta inarb é an barr feabhais an t- aon chritéar.

2. Meallfaidh ERC na taighdeoirí is éirimiúla ó gach cearn den domhan agus bunóidh sé an tAontas mar lárionad ceannródaíoch domhanda don taighde agus don nuálaíocht.

*Airteagal 13*

***Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska- Curie***

1. Beidh Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska- Curie ina dtaca leis an ngairm ag gach céim, le forbairt scileanna agus soghluaisteacht taighdeoirí ó gach cearn den domhan faoi réir breithnithe slándála. Le GMSC cothófar barr feabhais sa taighde, meallfar agus coinneofar taighdeoirí éirimiúla den scoth, agus tacófar le gairmeacha taighde

inbhuanaithe san Aontas d'fhonn iomaíochas an Aontais i dtaighde agus nuálaíocht a mhéadú.

2. Le GMSC cisteofar líonraí dochtúireachta den scoth, comhaltachtaí iardhochtúireachta, malartuithe foirne T&N, chomh maith le sásraí tacaíochta chun gairmeacha inbhuanaithe a chothú d'fhonn na daoine tréitheacha is mó a bhfuil gealladh fúthu a mhealladh agus a choinneáil. Cuirfear béim láidir ar chomhar idirnáisiúnta, idirearnálach agus idirdhisciplíneach agus ar fhor- rochtain eolaíochta chomh maith leis sin. Leis an gcistiú tacófar le taighde ceannródaíoch agus díreofar ar thallann taighde a fhorbairt, agus tacaíocht spriocdhírithe ann le haghaidh taighdeoirí luathghairme.Beidh sé ina thaca chun an tAontas a bhunú mar cheann scríbe ceannródaíoch le haghaidh taighdeoirí.

*Airteagal 14*

***Airmheán Comhpháirteach Taighde***

1. Soláthróidh an tAirmheán Comhpháirteach Taighde eolas agus eolaíocht neamhspleách atá bunaithe ar fhianaise, lena dtacaítear le beartais an Aontais chun tionchar dearfach a imirt ar an tsochaí. Déanfar sin trí ghníomhaíochtaí díreacha JRC agus trí rannpháirtíocht JRC i ngníomhaíochtaí indíreacha. Ní bheidh feidhm ag Caibidil II de Theideal II maidir le gníomhaíochtaí díreacha. De mhaolú ar Airteagal 21(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beidh an t- ioncam nó na méideanna a eascraíonn as gníomhaíochtaí taighde JRC (e.g. paitinní, ceadúnais etc.) in- athúsáidte ag JRC.

# Caibidil III

# Iomaíochas agus an tSochaí

*Airteagal 15*

***Taighde comhoibríoch***

1. Le taighde comhoibríoch tacófar le líonraí trasnáisiúnta um chomhar taighde agus nuálaíochta a chruthú, lena dtugtar le chéile eintitis ó dhisciplíní éagsúla, chun tacú le forbairt agus scaipeadh tapa torthaí ardcháilíochta ar mhaithe le hiomaíochas tionsclaíoch, spás, slándáil, aistriú glan, ullmhacht agus athléimneacht an Aontais, agus chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha, lena n- áirítear cultúr agus cruthaitheacht, agus chun tionchar an taighde a neartú maidir le beartais an Aontais a fhorbairt agus tacú leo.

2. Déanfar gníomhaíochtaí ar bhealach cothrom idir Leibhéil ísle agus arda agus hUllmhachta Teicneolaí, agus ar an gcaoi sin cumhdófar an slabhra luacha iomlán.

3. Áireofar leis an gClár seo na gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta i gcuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre arna nglacadh faoi Chaibidlí IV go VII de Rialachán (AE) XXX maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas. Glacfar na cláir oibre sin i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) XXX [Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas].

4. Leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha dhomhanda sna réimsí a bhaineann le luachanna daonlathacha a neartú agus dul i ngleic le bréagaisnéis, lena n- áirítear an smacht reachta agus cearta bunúsacha; claochluithe socheacnamaíocha atá ina rannchuidiú leis an gcuimsiú agus leis an bhfás a chur chun cinn, dul i ngleic le dúshláin dhéimeagrafacha agus idirghlúine, lena n- áirítear dúshláin ó thaobh na hóige de agus lena n- áirítear bainistiú imirce agus lánpháirtiú imirceach.

5. Leis an gClár rannchuideofar le Misin an Aontais go háirithe trí ghníomhaíochtaí tosaíochta a shainaithint le haghaidh cistiú T&N chun eolas, teicneolaíochtaí, seirbhísí agus táirgí nua a fhorbairt i bhfianaise a spriocanna. Dámhfar cistiú do Mhisin an Aontais a bhunaítear faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/695 ar bhonn cláir oibre lena gcumhdaítear suas leis an mbliain bhuiséadach 2030.

6. Beidh an Clár ina thaca leis an gcomhpháirt T&N de Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua.

# Caibidil IV

# Nuálaíocht

*Airteagal 16*

***An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE)***

1. Déanfaidh CNE teicneolaíocht dhomhain agus nuálaíocht shuaiteach ó thaighde go huas-scálú a shainaithint, a fhorbairt agus a uas- scálú. Cuirfear an méid sin chun feidhme trí ghlaonna ar thograí oscailte ón mbun aníos le linn punann chothrom de ghníomhaíochtaí a áirithiú ar fud réimsí téamacha. Comhlánófar é sin le glaonna téamacha spriocdhírithe agus 'Dúshláin' i réimsí leasa straitéisigh fhéideartha i ndlúthchomhordú agus i ndlúthshineirge le gnéithe beartais CEI, go háirithe le hIonstraim InvestEU CEI.

2. Féadfaidh CNE na cineálacha tacaíochta seo a leanas, go háirithe, a sholáthar:

    (a) Deontais treo- aimsitheora le haghaidh taighde ardriosca, lena n- áirítear cruthúnas coincheapa agus fréamhshamhaltú;

    (b) Deontais aistrithe chun conairí i dtreo forbairt tráchtála a fhorbairt le haghaidh torthaí taighde, lena n- áirítear seach- chuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta a chruthú;

    (c) Maoiniú measctha luasaire agus tacaíocht infheistíochta amháin le haghaidh cuideachtaí aonair chun a nuálaíochtaí a fhorbairt agus a thabhairt chun an mhargaidh;

    (d) Dreasachtaí do sholáthróirí chun na chéad chustaiméirí a thástáil agus iad a sholáthar le haghaidh nuálaíochtaí domhainteicneolaíochta agus suaiteacha;

    (e) Seirbhísí Luasaire Gnó chun cistiú CNE a chomhlánú trí rochtain a sholáthar, i gcomhlántacht agus i gcomhordú leis an gComhairle Tionscadail dá dtagraítear i gCaibidil III de Rialachán (AE) XXX [An Ciste Eorpach um Iomaíochas], ar

shaineolas domhainteicneolaíochta, cóitseáil agus meantóireacht, meaitseáil le hinfheisteoirí, soláthróirí, corparáidí agus comhpháirtithe nuálaíochta eile.

3. Cuirfear na cineálacha tacaíochta dá dtagraítear i mír 2 le chéile ar bhealach solúbtha i nDúshláin CNE arna bhforbairt agus arna maoirsiú ag Bainisteoirí Cláir CNE. Cuirfear Dúshláin CNE chun feidhme agus úsáid á baint as cur chuige punainne i gcás ina roghnaítear gníomhaíochtaí bunaithe ar a gcomhlántachtaí chun cuspóirí sainithe a bhaint amach agus idirghníomhú le chéile faoi mhaoirseacht Bhainisteoir Cláir CNE.

4. Déanfar gach tacaíocht infheistíochta CNE a chur chun feidhme trí mheán infheistíochta tiomnaithe amháin nó níos mó a chuirtear ar bun i gcomhréir le dlí Ballstáit (Ciste CNE). Déanfar Ciste CNE a struchtúrú ar bhealach inar féidir leis infheisteoirí poiblí nó príobháideacha eile a mhealladh chun éifeacht ghiarála ranníocaíocht an Aontais a mhéadú.

5. Féadfaidh CNE tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí criticiúla agus béim á cur ar fheidhmeanna cosanta i ndlúthchomhar le gné bheartais CEI ‘An Athléimneacht agus an tSlándáil, an Tionscal Cosanta agus an Spás’. Sna cásanna sin, beidh feidhm ag Airteagail 51 agus 52 de Rialachán (AE) XXX [An Ciste Eorpach um Iomaíochas].

*Airteagal 17*

***Éiceachórais Nuálaíochta***

1. Leis an gClár tacófar le heagraíochtaí chun éiceachórais agus creatdálaí nuálaíochta atá iomaíoch, láidir agus nasctha a chruthú. Saothrófar sineirgí le cláir an Aontais, le cláir náisiúnta agus le cláir réigiúnacha chuige sin.

2. Leis an gClár tacófar le gníomhaíochtaí chun comhtháthú thriantán an eolais – ardoideachas, taighde agus nuálaíocht, agus gnó – a chothú ar fud an Aontais.

# Caibidil V

# An Limistéar Eorpach Taighde

*Airteagal 18*

***An Limistéar Eorpach Taighde agus bonneagair***

1. Is é is cuspóir don Limistéar Eorpach Taighde (‘LET’) margadh aonair gan teorainneacha le haghaidh taighde, nuálaíochta agus teicneolaíochta a chruthú ar fud an Aontais, margadh ina mbeidh taighdeoirí, eolas eolaíoch agus teicneolaíocht ag gluaiseacht gan bhac.

2. Áiritheofar leis an gClár cur chun cinn agus cosaint éifeachtach luachanna agus phrionsabail LET agus an Chomhshocraithe um thaighde agus um nuálaíocht, go háirithe eitic agus sláine i dtaighde agus nuálaíocht, saoirse taighde eolaíoch agus comhionannas inscne agus comhionannas deiseanna, agus cur chun cinn gairmeacha tarraingteacha taighde agus soghluaisteachta. Beidh cistiú na mBonneagar Taighde agus Teicneolaíochta ina rannchuidiú le héiceachóras láidir comhleanúnach de

shaoráidí agus seirbhísí inbhuanaithe den chéad scoth a thabhairt don Aontas, ag tógáil ar bhonneagair uile- Eorpacha tosaíochta agus ar acmhainneachtaí náisiúnta úrscothacha comhlántacha agus úsáid á baint as ionstraimí cistiúcháin, lena n- áirítear comhpháirtíochtaí Eorpacha. Leis an gClár rannchuideofar suas le 20 % de na costais tógála a bhaineann le hacmhainneachtaí criticiúla nua den chéad scoth atá ag bonneagair thaighde agus theicneolaíochta Eorpacha.

3. Soláthróidh an tSaoráid Tacaíochta Beartais tacaíocht phraiticiúil shaineolach do na Ballstáit agus do Thíortha Comhlachaithe chun athchóirithe a dhearadh, a chur chun feidhme agus meastóireacht a dhéanamh orthu, ar athchóirithe iad lena bhfeabhsaítear cáilíocht a n- infheistíochtaí, a mbeartas agus a gcóras taighde agus nuálaíochta. Rannchuideoidh sí le córais náisiúnta taighde agus nuálaíochta níos láidre agus níos éifeachtaí agus Limistéar Eorpach Taighde níos stóinsithe a thógáil.

*Airteagal 19*

***Fairsingiú***

1. Is éard atá i gceist le 'tíortha a thagann faoin bhfairsingiú' an Bhulgáir, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóvaic agus an Ungáir chun na gníomhaíochtaí faoi mhír 5, pointí a) agus b) a chistiú.

2. Is éard atá i gceist le 'tíortha aistrithe' an Chipir, an Eastóin, an Ghréig, Málta, an Phortaingéil agus an tSlóivéin, chun na gníomhaíochtaí faoi mhír 5, pointe b) a chistiú.

3. Ní bheidh ach amháin eintitis dhlíthiúla atá bunaithe i dtíortha a thagann faoin bhfairsingiú nó i dtíortha aistrithe incháilithe mar chomhordaitheoirí faoin gcomhpháirt 'rannpháirtíocht a fhairsingiú agus barr feabhais a scaipeadh' den chuid 'LET a Neartú' den Chlár.

4. I gcás tíortha comhlachaithe, eintitis dhlíthiúla ó liosta na dtíortha incháilithe mar a shainmhínítear bunaithe ar tháscaire agus mar a fhoilsítear sa chlár oibre, beidh siad go hiomlán incháilithe mar chomhordaitheoirí faoin gcomhpháirt seo. Beidh eintitis dhlíthiúla ó na réigiúin is forimeallaí mar a shainmhínítear in Airteagal 349 CFAE incháilithe freisin mar chomhordaitheoirí faoin gcomhpháirt seo agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna a bhfuil feidhm acu maidir le tíortha a thagann faoin bhfairsingiú faoin Airteagal seo, cé is moite de mhír 7.

5. Áirítear le 'fairsingiú' an méid seo a leanas:

(a) bearta fothaithe acmhainneachta;

(b) bearta lena dtacaítear le líonrú, luachshocrú eolais, cur in aghaidh imirce daoine oilte agus tacaíocht thiomnaithe do Phointí Teagmhála Náisiúnta (PTNanna).

6. Beidh an Clár ina chúnamh le tíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus le tíortha aistrithe a rannpháirtíocht a mhéadú agus clúdach geografach leathan a chur chun cinn i dtionscadail chomhoibríocha den scoth. Léireofar na hiarrachtaí sin le bearta comhréireacha de chuid na mBallstát.

7. Ó 2030 ar aghaidh tá rochtain ar bhearta fothaithe acmhainneachta srianta do na tíortha sin a thagann faoin bhfairsingiú agus a mhéadaigh a gcaiteachas iarbhír ar infheistíocht phoiblí i dtaighde agus forbairt sa bhliain is déanaí ar a bhfuil eolas i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

# Teideal II – Rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh

# Caibidil I

# Forálacha ginearálta

*Airteagal 20*

***Rialacha CEI***

1. Chun críoch an Rialacháin seo, beidh feidhm ag Airteagal 10(2), 10(3) maidir le Fabhar AE, Airteagal 13 maidir le Cur i bhFeidhm na rialacha i dtaca le faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair agus Airteagal 20 maidir le Gníomhaíocht Luathaithe agus Spriocdhírithe le haghaidh Iomaíochais de Rialachán (AE) XXX [An Ciste Eorpach um Iomaíochas], mura sonraítear a mhalairt.

*Airteagal 21*

***Incháilitheacht***

1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar síos in Airteagal 3 a bhaint amach, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoin gClár.

2. I nósanna imeachta dámhachtana faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na catagóirí eintiteas dlítheanach seo a leanas a bheith incháilithe chun tacaíocht a fháil ón Aontas:

   (a) eintitis atá bunaithe i mBallstát;

   (b) eintitis atá bunaithe i dtríú tír chomhlachaithe;

   (c) eintitis eile atá bunaithe i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe ísealioncaim go meánioncam nó, go heisceachtúil, i dtríú tíortha neamhchomhlachaithe eile má shainaithnítear an tríú tír sa chlár oibre arna ghlacadh ag an gCoimisiún;

   (d) eintitis eile atá bunaithe i dtíortha neamhchomhlachaithe i gcás ina bhfuil cistiú na n- eintiteas sin fíor-riachtanach chun an ghníomhaíocht a chur chun feidhme agus ina rannchuidíonn sé leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3.

3. Seachas nuair a fhoráiltear a mhalairt sa chlár oibre, chun bheith incháilithe le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí deontais, bunóidh eintitis dhlítheanacha cuibhreannas lena n- áirítear mar thairbhithe trí eintiteas dhlíthiúla atá neamhspleách ar a chéile agus gach ceann acu bunaithe i dtíortha éagsúla mar a leanas:

   (a) dhá eintiteas dhlíthiúla, ar a laghad, atá bunaithe i mBallstáit éagsúla; agus

   (b) eintiteas dlíthiúil amháin eile ar a laghad atá bunaithe i mBallstát eile nó i dtír chomhlachaithe.

4. Maidir le gníomhaíochtaí taighde ceannródaíocha ERC, gníomhaíochtaí CNE, gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna agus gníomhaíochtaí arb é atá i gceist leo, nó a

bhfuil sé de phríomhaidhm acu, soláthar réamhthráchtála a chur chun feidhme nó réitigh nuálacha a sholáthar, féadfaidh eintiteas dlítheanach amháin nó níos mó iad a chur chun feidhme, ar choinníoll go mbeidh ceann amháin de na heintitis dhlíthiúla sin bunaithe i mBallstát nó i dtír comhlachaithe.

5. Féadfaidh eintiteas dlítheanach amháin nó níos mó, a fhéadfaidh a bheith bunaithe i mBallstát, i dtír chomhlachaithe nó, i gcásanna eisceachtúla, i dtríú tír eile, gníomhaíochtaí comhordúcháin agus tacaíochta a chur chun feidhme.

6. I gcomhréir le hAirteagal 136 den Rialachán Airgeadais, beidh feidhm ag srianta incháilitheachta maidir le soláthróirí ardriosca i gcomhréir le dlí an Aontais, ar chúiseanna slándála.

7. Eagraíochtaí taighde Eorpacha idirnáisiúnta agus eintitis dhlíthiúla arna gcruthú faoi dhlí an Aontais, measfar iad a bheith bunaithe i mBallstát seachas na Ballstáit ina bhfuil eintitis dhlíthiúla eile, atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht, bunaithe.

8. Maidir le heagraíochtaí idirnáisiúnta seachas eagraíochtaí taighde Eorpacha idirnáisiúnta, measfar go bhfuil siad bunaithe i dtríú tír neamhchomhlachaithe, mura bhforáiltear a mhalairt sa chlár oibre nó sa ghlao ar thograí.

9. Sa bhreis ar Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh tríú tíortha comhlachaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, i gcás inarb ábhartha, páirt a ghlacadh in aon sásra soláthair, a leagtar amach in Airteagal 168(2) agus (3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, agus tairbhiú de. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir leis na Ballstáit i bhfeidhm, *mutatis mutandis*, maidir le tríú tíortha comhlachaithe rannpháirteacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

10. I nósanna imeachta dámhachtana, ní bheidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe chun cistiú a fháil:

   (a) gníomhaíochtaí a bhfuil toirmeasc orthu le dlí an Aontais, leis an dlí idirnáisiúnta is infheidhme, nó leis an dlí náisiúnta sna Ballstáit uile; gníomhaíochtaí atá maoinithe go hiomlán cheana féin ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha eile, seachas ranníocaíochtaí ón Aontas i gcomhthéacs na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 8(1);

   (b) gníomhaíochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu daoine a chlónáil chun críoch atáirgthe;

   (c) gníomhaíochtaí atá beartaithe chun modhnú a dhéanamh ar oidhreacht ghéiniteach daoine lena bhféadfaí modhnuithe den sórt sin a dhéanamh inoidhreachta, seachas taighde a bhaineann le cóireáil ailse na ngónad;

   (d) gníomhaíochtaí atá beartaithe chun suthanna daonna a chruthú chun críche taighde, forbartha teicneolaíche agus gníomhaíochtaí taisealbhaidh, agus chun na críche sin amháin, nó chun gaschealla a sholáthar, lena n- áirítear trí aistriú núicléach cille sómataí;

   (e) taighde ar ghaschealla daonna, de chineál sómatach agus suthach araon, féadfar é a mhaoiniú de réir ábhar an togra eolaíoch agus chreat dlíthiúil na mBallstát lena mbaineann;

   Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), ní sholáthrófar aon chistiú i mBallstát le haghaidh gníomhaíocht taighde, teicneolaíoch nó taisealbhaidh atá toirmiscthe sa Bhallstát sin.

11. Sa bhreis ar na forais a leagtar amach in Airteagal 132 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, le nósanna imeachta dámhachtana agus gealltanais dhlíthiúla a eascraíonn astu ceadófar foirceannadh i gcás nach dócha go mbainfear cuspóirí na gníomhaíochta amach ar chor ar bith ná laistigh de na hamlínte socraithe, nó i gcás nach mbeidh an ghníomhaíocht ábhartha ó thaobh beartais de.

12. Leis an gclár oibre nó leis na doiciméid a bhaineann leis an nós imeachta dámhachtana, féadfar na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú nó féadfar critéir incháilitheachta bhreise a leagan síos le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha lena n- áirítear chun ceanglais shonracha bheartais a chur san áireamh.

*Airteagal 22*

***Eitic agus sláine taighde***

1. Comhlíonfar an méid seo a leanas leis na gníomhaíochtaí a dhéantar:

(a) dlí ábhartha ón Aontas agus dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta ábhartha, lena n- áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Coinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus na Prótacail Fhorlíontacha a ghabhann leis;

(b) prionsabail eiticiúla, lena n- áirítear na caighdeáin sláine taighde is airde.

2. Maidir le nósanna imeachta dámhachtana a shainaithnítear sa chlár oibre, comhlíonfaidh eintitis dhlítheanacha atá rannpháirteach i ngníomhaíocht na ceanglais uile seo a leanas:

(a) soláthróidh siad féinmheasúnú eitice a bhaineann le cuspóir, cur chun feidhme agus tionchar dóchúil na ngníomhaíochtaí, lena n- áirítear deimhniú agus tuairisc ar chomhlíonadh mhír 1;

(b) soláthróidh siad deimhniú go gcomhlíonfaidh na gníomhaíochtaí (i) an Cód Iompair Eorpach maidir leis an tSláine Taighde, (ii) an Cód Iompair Domhanda maidir le Comhpháirtíochtaí Taighde Cothromasacha agus nach ndéanfar aon ghníomhaíocht a eisiatar ó chistiú;

(c) maidir le gníomhaíochtaí a dhéantar lasmuigh den Aontas Eorpach, soláthróidh siad deimhniú go gceadófaí na gníomhaíochtaí céanna i mBallstát;

(d) déanfaidh siad foráil maidir le gníomhaíochtaí lena mbaintear úsáid as gaschealla suthacha daonna, de réir mar is iomchuí, mionsonraí maidir le bearta ceadúnaithe agus rialaithe a dhéanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann chomh maith le mionsonraí faoi na formheasanna eitice a gheofar sula gcuirfear tús leis na gníomhaíochtaí ábhartha;

(e) gheobhaidh siad na formheasanna uile nó doiciméid shainordaitheacha eile ó na coistí eitice náisiúnta nó áitiúla ábhartha nó ó chomhlachtaí eile, amhail údaráis cosanta sonraí, roimh thús na ngníomhaíochtaí ábhartha agus coimeádfaidh siad na doiciméid sin ar comhad lena soláthar don Choimisiún nó don chomhlacht cur chun feidhme ábhartha arna iarraidh sin.

## Caibidil II

## Deontais

*Airteagal 23*

***Glaonna ar thograí***

1. Ní cheanglaítear glao ar thograí le haghaidh gníomhaíochtaí comhordúcháin agus tacaíochta:

   (a) atá le déanamh ag eintitis dhlítheanacha a shainaithnítear sa chlár oibre; agus

   (b) nach dtagann faoi raon feidhme glao ar thograí, i gcomhréir le hAirteagal 198, pointe (e), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

2. Leis an gclár oibre sonrófar glaonna sonracha ar thograí a bhféadfar Séalaí Iomaíochais a dhámhachtain ina leith. Féadfar faisnéis a bhaineann leis an iarratas agus leis an meastóireacht a chomhroinnt le húdaráis mhaoiniúcháin leasmhara, faoi réir comhaontuithe rúndachta a thabhairt i gcrích mura ndéanann an t- iarratasóir agóid ina aghaidh sin go sainráite.

*Airteagal 24*

***Acmhainneacht airgeadais iarratasóirí***

1. I dteannta na n- eisceachtaí a luaitear in Airteagal 201(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní fhíorófar an acmhainneacht airgeadais ach amháin má tá an cistiú arna iarraidh ón Aontas le haghaidh na gníomhaíochta cothrom le EUR 1 000 000 nó níos mó ná sin.

2. D'ainneoin mhír 1, má tá forais ann le bheith in amhras faoi acmhainneacht airgeadais iarratasóra, nó má tá riosca níos airde ann de dheasca na rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí leanúnacha éagsúla a chistítear le cláir T&N ón Aontas, déanfar acmhainneacht airgeadais iarratasóirí eile nó comhordaitheoirí, fiú i gcás ina bhfuil an cistiú a iarradh faoi bhun na tairsí dá dtagraítear i mír 1, a fhíorú freisin.

3. Má ráthaíonn eintiteas dlítheanach eile an acmhainneacht airgeadais go struchtúrtha, fíorófar acmhainneacht airgeadais an eintitis dhlítheanaigh eile sin.

4. I gcás ina bhfuil acmhainneacht airgeadais iarratasóra lag, féadfaidh rannpháirtíocht an iarratasóra a bheith coinníollach ar dhearbhú maidir le dliteanas comhpháirteach agus leithleach a bheith á sholáthar ag eintiteas cleamhnaithe.

5. An ranníocaíocht leis an Sásra Árachais Fhrithpháirtigh a leagtar amach in Airteagal 30, measfar gur ráthaíocht leordhóthanach í faoi Airteagal 155 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní ghlacfar le haon ráthaíocht ná urrús breise ó thairbhithe ná ní fhorchuirfear orthu í nó é.

*Airteagal 25*

***Critéir dhámhachtana agus roghnú***

1. Déanfar meastóireacht ar thogra ar bhonn na gcritéar dámhachtana seo a leanas:

(a) barr feabhais;

(b) tionchar;

(c) cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme.

Leis an gclár oibre leagfar síos mionsonraí maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana dá dtagraítear i mír 1.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh feidhm ach amháin ag an gcritéar barr feabhais dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír sin maidir le meastóireachtaí faoi ghníomhaíochtaí taighde ceannródaíocha ERC agus gníomhaíochtaí taighde agus oiliúna ERC.

*Airteagal 26*

***Aga go síniú comhaontaithe deontais***

1. De mhaolú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 197(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, beidh feidhm ag na tréimhsí seo a leanas:

(a) maidir leis na hiarratasóirí uile a chur ar an eolas faoin toradh ar an meastóireacht ar a n- iarratas, uastréimhse 5 mhí ón dáta deiridh chun tograí iomlána a thíolacadh;

(b) maidir le comhaontuithe deontais a shíniú le hiarratasóirí, uastréimhse 7 mí ón dáta deiridh chun tograí iomlána a thíolacadh.

2. Leis an gclár oibre is féidir go mbunófar tréimhsí níos giorra ná na tréimhsí dá bhforáiltear i mír 1.

3. I dteannta na n- eisceachtaí a leagtar síos in Airteagal 197(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar na tréimhsí dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a shárú le haghaidh ghníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde, cur chuige atá dírithe ar mhisin agus nuair a chuirtear gníomhaíochtaí faoi mheasúnú eitice, grinnscrúdú slándála nó measúnuithe slándála chun iomaíochas an Aontais a chosaint, lena n- áirítear a shócmhainní agus a leasanna straitéiseacha.

*Airteagal 27*

***Rátaí cistiúcháin***

1. Beidh feidhm ag ráta cistiúcháin aonair in aghaidh na gníomhaíochta maidir leis na gníomhaíochtaí uile a chistítear léi. Socrófar an t- uasráta in aghaidh na gníomhaíochta sa chlár oibre.

2. Féadfar suas le 100 % de chostais incháilithe iomlána ghníomhaíochta faoin gClár a aisíoc, seachas eintitis dhlítheanacha bhrabúis ina bhféadfar suas le 70 % de na costais iomlána incháilithe a aisíoc. Mar eisceacht air sin, beidh FBManna incháilithe le haghaidh ráta cistiúcháin suas le 100 % de na costais incháilithe iomlána.

*Airteagal 28*

***Costais indíreacha***

1. Beidh costais incháilithe indíreacha cothrom le 25 % de na costais incháilithe dhíreacha iomlána, seachas na costais incháilithe dhíreacha le haghaidh

fochonraitheoireachta, tacaíocht airgeadais le haghaidh tríú páirtithe agus aon chostas aonaid nó cnapshuim lena n- áirítear costais indíreacha. I gcás inarb iomchuí, déanfar costais indíreacha a áirítear i gcostais aonaid nó cnapshuimeanna a ríomh trí úsáid a bhaint as an ráta comhréidh dá dtagraítear san abairt roimhe seo.

2. D'ainneoin mhír 1, má dhéantar foráil maidir leis sa chlár oibre, féadfar costais indíreacha a dhearbhú i bhfoirm cnapshuime nó costas aonaid.

*Airteagal 29*

***Costais* incháilithe**

1. De mhaolú ar Airteagal 193(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, na costais acmhainní a chuireann tríú páirtithe ar fáil trí bhíthin ranníocaíochtaí comhchineáil, beidh siad incháilithe suas le costais incháilithe dhíreacha an tríú páirtí.

2. De mhaolú ar Airteagal 195(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mheasfar ioncam a ghintear trí luachshocrú na dtorthaí a bheith ina ioncam ón ngníomhaíocht.

*Airteagal 30*

***Sásra Árachais Fhrithpháirtigh***

1. Bunaítear leis seo Sásra Árachais Fhrithpháirtigh ('SÁF') a thiocfaidh in ionad an tSásra a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2021/695 agus a thiocfaidh i gcomharbas air. Le SÁF cumhdófar an riosca a bhaineann le neamh- inghnóthú suimeanna atá dlite ag tairbhithe CEI áirithe faoi bhainistíocht dhíreach, chomh maith le haon riosca atá ann cheana agus a chumhdaítear i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) 2021/695.

2. Bainisteoidh an tAontas SÁF, agus déanfaidh an Coimisiún ionadaíocht dó ina cháil mar ghníomhaire feidhmiúcháin. Leagfaidh an Coimisiún amach rialacha sonracha maidir le hoibriú SÁF trí ghníomh cur chun feidhme.

3. Déanfaidh tairbhithe ranníocaíocht a bheidh le fritháireamh in aghaidh an réamh-mhaoinithe tosaigh agus a aisíocfar leis na tairbhithe tráth a íocfar an t- iarmhéid.

4. Aon toradh airgeadais a ghintear le SÁF agus aon mhéid a ghnóthaítear, is éard a bheidh iontu ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 le haghaidh an Chláir, nó a chomharba. Mura leor an toradh, le SÁF ní dhéanfar idirghabháil agus gnóthóidh an t- údarás deonúcháin aon mhéid go díreach.

5. Nuair a chuirfear i gcrích na deontais uile ar lena n- aghaidh a chumhdaítear an riosca le SÁF, féadfaidh an Coimisiún aon mhéid atá i seilbh SÁF a ghnóthú agus is éard a bheidh ann ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 le haghaidh an Chláir, nó a chomharba.

*Airteagal 31*

***Úinéireacht na dtorthaí***

1. Beidh úinéireacht ag tairbhithe ar na torthaí a ghineann siad.

2. Beidh úinéireacht ag beirt tairbhithe nó níos mó ar thorthaí i gcomhpháirt más rud é go ndearna siad iad a ghiniúint i gcomhpháirt agus nach féidir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ranníocaíocht gach tairbhí ar leith a bhunú; nó

(b) na torthaí a dheighilt agus iarratas á dhéanamh ar a gcosaint.

Tiocfaidh siad ar chomhaontú i scríbhinn maidir le leithdháileadh agus téarmaí fheidhmiú a gcomhúinéireachta. Mura gcomhaontaítear a mhalairt, féadfaidh gach comhúinéir ceadúnais neamheisiacha a dheonú do thríú páirtithe chun na torthaí atá faoi chomhúinéireacht (gan aon cheart ar fhocheadúnas) a luachshocrú, má thugtar réamhfhógra agus cúiteamh cóir réasúnach do na comhúinéirí eile. Féadfaidh na comhúinéirí a chomhaontú i scríbhinn córas eile a chur i bhfeidhm seachas comhúinéireacht.

3. Má tá cearta ag tríú páirtithe atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht (lena n- áirítear an pearsanra) i leith na dtorthaí, áiritheoidh na tairbhithe gur féidir na cearta sin a fheidhmiú ar bhealach atá comhoiriúnach lena n- oibleagáidí maidir leis na torthaí sin.

4. Féadfaidh aistriú úinéireachta a bheith faoi réir coinníollacha mar a leagtar amach sa chlár oibre, i gcoinníollacha an ghlao nó sa chomhaontú deontais, lena n- áirítear ceanglas aon oibleagáid maidir leis na torthaí a chur ar aghaidh.

*Airteagal 32*

***Luachshocrú agus scaipeadh***

1. Bainisteoidh tairbhithe a dtorthaí i gcomhréir leis na hoibleagáidí a leagtar amach sa chlár oibre, i gcoinníollacha an ghlao nó sa chomhaontú deontais. Mar chuid den mhéid sin, déanfaidh tairbhithe an méid seo a leanas:

(a) cosnóidh siad a dtorthaí má tá bonn cirt leis sin, go háirithe má tá acmhainneacht tráchtála ag na torthaí;

(b) tabharfaidh siad rochtain ar a gcuid torthaí agus cúlra más gá chun cúraimí gnímh a chur chun feidhme nó chun torthaí a luachshocrú, lena n- áirítear le haghaidh cur in úsáid tráchtála;

(c) déanfaidh siad a seacht ndícheall chun a dtorthaí a luachshocrú, go díreach nó go hindíreach, lena n- áirítear trí aistriú nó ceadúnú; mura ndéantar torthaí a luachshocrú laistigh de thréimhse ar leith, féadfaidh an Coimisiún ionstraimí agus uirlisí a shainaithint, amhail na cinn lena bhfreastalaítear ar an straitéis luachshocraithe a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) XXX [An Ciste Eorpach um Iomaíochas], a úsáidfidh na tairbhithe lena mbaineann chun luachshocrú na dtorthaí sin a éascú;

(d) poibleoidh siad na torthaí ar bhealach iomchuí a luaithe is féidir, agus na torthaí á gcoimeád faoi rún más gá mar gheall ar chosaint sócmhainní intleachtúla, ábhair imní slándála nó leasanna dlisteanacha;

(e) cloífidh siad le cleachtais eolaíochta oscailte, lena n- áirítear tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i)rochtain oscailte a áirithiú ar na foilseacháin eolaíocha phiarmheasúnaithe uile maidir leis na torthaí;

(ii)na sonraí taighde sa ghníomhaíocht agus torthaí eile a bhainistiú go freagrach i gcomhréir le prionsabail 'na so- aimsitheachta', 'na hinrochtaineachta', 'na hidir- inoibritheachta' agus 'na hin- athúsáideachta' (prionsabail FAIR) chomh maith le rochtain oscailte orthu a áirithiú mura mbeadh sé sin in aghaidh leasanna dlisteanacha, lena n- áirítear leasanna tráchtála, nó srianta eile déanamh amhlaidh.

(f) mura bhforáiltear a mhalairt sa chlár oibre nó i gcoinníollacha an ghlao, forbróidh siad plean agus tabharfaidh siad cothrom le dáta é go tráthrialta chun a gcuid torthaí a bhainistiú, lena n- áirítear sonraí;

(g) déanfaidh siad rochtain ar a dtorthaí a dheonú saor in aisce ar na heintitis seo a leanas chun a gcuid beartas nó clár a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu:

(i)institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais;

(ii)údaráis náisiúnta na mBallstát, i gcás ina ndéantar foráil maidir leis sin sa chlár oibre, i gcoinníollacha an ghlao nó sa chomhaontú deontais.

*Airteagal 33*

***Soláthar réamhthráchtála agus soláthar poiblí réiteach nuálaíoch***

1. Is féidir go mbeidh sé de phríomhaidhm ag gníomhaíochtaí deontais soláthar réamhthráchtála réiteach nuálach nó soláthar réiteach nuálach. Tá na soláthairtí sin le déanamh ag tairbhithe ar soláthróirí poiblí nó soláthróirí príobháideacha iad.

2. Leis na nósanna imeachta soláthair:

(a) nuair a dhéanann soláthróirí poiblí iad: comhlíonfar rialacha iomaíochta leo agus prionsabail na trédhearcachta, an neamh- idirdhealaithe, na córa comhionainne, na bainistíochta fónta airgeadais, na comhréireachta, rialacha infheidhme an Aontais maidir le hathléimneacht a neartú i slabhraí soláthair agus ceanglais rialála earnáilsonracha;

(b) nuair a dhéanann soláthróirí príobháideacha iad: comhlíonfar prionsabail CFAE, rialacha iomaíochta agus dlí na gconarthaí is infheidhme, rialacha an Aontais chun athléimneacht i slabhraí soláthair a neartú agus ceanglais rialála earnáilsonracha

(c) féadfar dámhachtain conarthaí iolracha a údarú laistigh den nós imeachta céanna (ilfhoinsiú);

(d) déanfar foráil maidir le dámhachtain na gconarthaí ar na tairiscintí lena dtairgtear an luach airgid is fearr agus é á áirithiú an tráth céanna nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

3. I gcás soláthar réamhthráchtála, féadfar an nós imeachta soláthair a dhéanamh le dhá chéim seachas trí chéim agus féadfar a áireamh leis ceannach réiteach ceannródaíoch chun cur chun feidhme a shimpliú agus a luathú.

4. Féadfaidh feidhm a bheith ag coinníollacha sonracha lena n- áirítear maidir le háit feidhmíochta na seirbhísí, na n- earraí nó na n- oibreacha arna soláthar agus úinéireacht na dtorthaí agus an rochtain orthu. Mar chuid de, le haghaidh soláthar réamhthráchtála:

(a) beidh ar a laghad na cearta maoine intleachtúla ar na torthaí a ghin siad faoi úinéireacht na gconraitheoirí, agus gheobhaidh na soláthróirí rochtain saor in aisce ar a laghad ar na torthaí dá n- úsáid féin chomh maith le rochtain saor in aisce ar na torthaí le haghaidh na gconarthaí atá acu faoi láthair agus na gconraitheoirí a bheidh acu amach anseo chun na torthaí a úsáid le haghaidh na soláthróirí.

(b) i gcás róspleáchais sa slabhra soláthair nó saincheisteanna maidir le slándáil an tsoláthair leis na conraitheoirí, nó in éigeandálaí i gcás nach féidir leis na conraitheoirí réitigh leordhóthanacha a sholáthar chun éileamh níos leithne ar mhargadh an Aontais a chomhlíonadh, beidh sé de cheart ag na soláthróirí an ceart a thabhairt do thríú páirtithe, nó ceanglóidh siad ar na conraitheoirí an ceart a thabhairt do thríú páirtithe na torthaí a úsáid ar bhonn tráchtála le haghaidh an tsoláthróra agus le haghaidh margaí níos leithne ar bhonn neamheisiach agus faoi choinníollacha córa réasúnacha;

(c) má theipeann ar chonraitheoirí a dtorthaí a úsáid ar bhonn tráchtála laistigh de thréimhse áirithe nó má bhaineann siad mí- úsáid as a dtorthaí in aghaidh leas an phobail, féadfar a cheangal orthu a n- úinéireacht ar na torthaí a aistriú chuig na soláthróirí.

5. Féadfaidh gníomhaíochtaí soláthair a dhéanann an Coimisiún nó comhlachtaí cur chun feidhme a bheith i bhfoirm soláthair réamhthráchtála nó soláthair phoiblí réiteach nuálach. Is é an Coimisiún nó an comhlacht cur chun feidhme ábhartha a dhéanfaidh na soláthairtí sin thar a cheann féin nó i gcomhpháirt le húdaráis chonarthacha ó na Ballstáit agus ó thíortha comhlachaithe.

# Caibidil III

# An Chomhairle Nuálaíochta Eorpach

*Airteagal 34*

***Rialacha sonracha na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí***

1. I gcomhréir le hAirteagal 20(2)(a)(i) de Rialachán (AE) XXX [An Ciste Eorpach um Iomaíochas], féadfar deontais Aistriú CNE a dhámhachtain gan glaonna ar thograí chun críche cistithe leantaigh le haghaidh torthaí arna nginiúint le gníomhaíochtaí a chistítear leis an gClár agus le Rialachán Uimh. 695/2021 maidir le Fís Eorpach.

2. Ní thacóidh Luasaire CNE ach amháin le tairbhithe aonair agus le hinstitiúidí infheistiúcháin aonair ar FBManna iad, lena n- áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus cuideachtaí meánchaipitlithe beaga.

3. Maidir le tograí le haghaidh ghníomhaíochtaí Luasaire CNE, féadfaidh eintiteas dlíthiúil amháin nó níos mó iad a chur isteach, ar eintitis iad ag a bhfuil sé beartaithe faighteoir féideartha a bhunú nó tacú leis, agus comhaontú á fháil roimh ré ón bhfaighteoir sin. Má roghnaítear an comhaontú le haghaidh cistiú, ní shíneofar an comhaontú deontais agus infheistíochta ach amháin leis an bhfaighteoir sin.

4. I gcás gníomhaíochtaí maoinithe measctha, féadfaidh an tairbhí agus an institiúid infheistiúcháin a bheith éagsúil sa dóigh gur féidir gurb í an institiúid infheistiúcháin cuideachta sealbhaíochta nó máthairchuideachta an tairbhí.

5. Comhlachtaí cistiúcháin a chuireann chun feidhme Cláir de chuid an Aontais, nó cláir náisiúnta nó réigiúnacha arna ndeimhniú ag an gCoimisiún, féadfaidh siad togra a chur isteach go díreach le haghaidh Aistriú CNE nó ghlao Luasaire CNE, i gcás ina n- eascraíonn tograí den sórt sin as athbhreithniú tionscadail ar ghníomhaíocht arna cistiú leis an gclár deimhnithe agus faoi réir coinníollacha a leagtar amach i gclár oibre CNE (Breiseán CNE).

6. Le haghaidh Luasaire CNE, déanfar leibhéal riosca na gníomhaíochta, cáilíocht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme, agus an gá atá le tacaíocht ón Aontas a chur in ionad an tríú critéar meastóireachta a leagtar amach in Airteagal 25(1).

7. Déanfar infheistíochtaí in institiúidí infheistiúcháin neamhiontaofa ó thaobh brabúis de agus i gcomhpháirt le comhinfheistíochtaí ó infheisteoirí príobháideacha eile. Mar sin féin, i gcás nach soláthraítear tacaíocht den sórt sin go hiomlán faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas, féadfar tacaíocht a sholáthar d’institiúidí infheistiúcháin atá iontaofa ó thaobh brabúis de nó gan rannpháirtíocht infheisteoirí eile, agus sin chun leasanna straitéiseacha an Aontais a chosaint.

8. De mhaolú ar Airteagal 212(2)(a) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha a bhaineann le hinmharthanacht eacnamaíoch maidir le gníomhaíochtaí infheistíochta Luasaire CNE.

9. Déanfar gníomhaíochtaí maoinithe measctha a chur ar fionraí, a leasú nó, má tá bonn cirt leis, a fhoirceannadh mura mbaintear garspriocanna intomhaiste amach nó má dhiúltaíonn an tairbhí an tacaíocht infheistíochta gan cúis lena bhfuil bonn cirt.

10. Féadfar infheistíochtaí iarmhartacha a dhámhachtain le Ciste CNE:

   (a) más gá chun sócmhainní straitéiseacha, leasanna, uathriail nó slándáil an Aontais a chosaint; nó

   (b) mura rachfaí ar aghaidh le babhtaí cistiúcháin ina dhiaidh sin nó dá rachfaí ar aghaidh leo ar théarmaí nach bhfuil chomh fabhrach céanna gan infheistíocht iarmhartach CNE.

11. Le clár oibre CNE féadfar teorainneacha breise a leagan amach maidir le tacaíocht leantach a dhámhachtain.

*Airteagal 35*

***Aisghairm***

Aisghairtear Rialachán (AE) 695/2021 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

*Airteagal 36*

***Forálacha idirthréimhseacha***

1. Ní dhéanfar difear leis an Rialachán seo do leanúint ná modhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Rialachán (AE) 695/2021 a

mbeidh feidhm aige maidir leis na gníomhaíochtaí lena mbaineann go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.

2. Leis an imchlúdach airgeadais le haghaidh an Chláir, is féidir go gcumhdófar freisin na costais le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin is gá chun an t- aistriú idir an Clár agus na bearta a glacadh faoina réamhtheachtaí, Rialachán (AE) 695/2021, a áirithiú.

*Airteagal 37*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*<br>*An tUachtarán* | *Thar ceann na Comhairle*<br>*An tUachtarán* |

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH ... 3

1,1. Teideal an togra/tionscnaimh ... 3

1,2. Réimsí beartais lena mbaineann ... 3

1,3. Cuspóirí ... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta ... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha ... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann ... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta ... 3

1,4. Baineann an togra/tionscnamh le: ... 4

1,5. Foras an togra/tionscnaimh ... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. ... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart ... 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile ... 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh ... 5

1,6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige ... 6

1,7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme ... 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA ... 8

2,1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe ... 8

2,2. Córais bainistíochta agus rialaithe ... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe ... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú ... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) ... 8

2,3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc ... 9

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH ........ 10
3,1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar ........ 10
3,2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe ........ 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 12
3.2.1,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar........ 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 17
3.2.2. An t- aschur a mheastar a chisteofar le leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí ........ 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin........ 24
3.2.3,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar........ 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe ........ 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach........ 25
3.2.4,1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar........ 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha ........ 26
3.2.4,3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach ........ 26
3.2.5. Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha ........ 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha ........ 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe........ 28
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam ........ 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA........ 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha ........ 30
4.2. Sonraí ........ 30
4.3. Réitigh dhigiteacha........ 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta ........ 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach ........ 32

## 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (Fís Eorpach)

### 1,2. Réimsí beartais lena mbaineann

Taighde agus Nuálaíocht

### 1,3. Cuspóirí

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

I gcomhréir le cuspóirí ginearálta agus sonracha an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas, le Fís Eorpach neartófar iomaíochas agus bonn teicneolaíoch eolaíoch an Aontais, agus rachfar i ngleic le dúshláin dhomhanda bunaithe ar thaighde agus nuálaíocht den scoth.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Is iad na cuspóirí sonracha atá ag an gClár:

– Eolas, scileanna agus gairmeacha tarraingteacha ardcháilíochta a chruthú le haghaidh taighdeoirí agus tacú leis an Limistéar Eorpach Taighde (LET) a bhaint amach.

– Taighde comhoibríoch, comhroinnt eolais agus luachshocrú uile- Aontais agus idirnáisiúnta a mhéadú.

– Tosaíochtaí an Aontais agus tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a ailíniú chun éiceachóras taighde agus nuálaíochta uile- Eorpach a chruthú.

– Éagothromaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a laghdú maidir le hacmhainneacht, scileanna agus tallann taighde agus nuálaíochta chun éiceachórais nuálaíochta a neartú.

– Feabhas a chur ar sheasamh an Aontais sa nuálaíocht, agus béim ar leith á cur ar theicneolaíochtaí straitéiseacha agus ar nuálaíocht shuaiteach, cur in úsáid agus luachshocrú réiteach nuálach a neartú chun iomaíochas a chothú agus dul i ngleic le príomhdhúshláin shochaíocha.

– Níos mó maoiniú príobháideach le haghaidh taighde agus nuálaíochta a dhí- rioscú agus a shlógadh, go háirithe chun tacú leis an teicneolaíocht dhomhain agus chun gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna nuálacha a uas- scálú.

– Rannchuidiú le hinfheistíocht phoiblí agus phríobháideach i dtaighde agus nuálaíocht a mhéadú sna Ballstáit, rud a rannchuidíonn le caiteachas foriomlán 3 % ar a laghad d'Olltáirgeacht Intíre ('OTI') an Aontais i dtaighde agus forbairt a bhaint amach.

*.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

– Croíluachanna na saoirse eolaíche agus na hoscailteachta a chur chun cinn.

– Bonn eolais sármhaith na hEorpa a mhéadú trí dhíriú ar bhreisluach AE.

– Na taighdeoirí is fearr san Eoraip agus níos faide i gcéin a mhealladh trí chur chuige 'Roghnaigh an Eoraip'.

– Infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha a shlógadh ar fud shlabhra iomlán T&N – ó thaighde bunúsach go cur in úsáid ar an margadh.

– Rannchuidiú leis an mbearna nuálaíochta a dhúnadh, go háirithe trí thacú leis an nuálaíocht ar fud na hEorpa agus trí chomhleanúnachas a mhéadú idir scéimeanna cistiúcháin an Aontais agus infheistíochtaí na mBallstát.

– Leas a bhaint as acmhainneacht dí- rioscaithe bhuiséad an Aontais.

– Infheistíocht a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, lena n- áirítear dícharbónú, digitiú, slándáil, athléimneacht agus comhtháthú sóisialta.

– Feabhas a chur ar rochtain ar chistiú ón Aontas trí nósanna imeachta atá níos tapúla, atá úsáideoir- lárnach, atá simplithe agus comhchuibhithe chun rannpháirtíocht a leathnú agus dlús a chur le torthaí.

*1.3.4. Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Déanfar faireachán ar an tionscnamh seo tríd an gcreat feidhmíochta le haghaidh an bhuiséid tar éis 2027, rud a chumhdaítear i dtogra ar leithligh. Déantar foráil sa chreat feidhmíochta maidir le tuarascáil chur chun feidhme le linn chéim chur chun feidhme an chláir, chomh maith le meastóireacht chúlghabhálach atá le déanamh i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Déanfar an mheastóireacht i gcomhréir le Treoirlínte an Choimisiúin maidir le Rialáil Níos Fearr agus beidh sí bunaithe ar tháscairí atá ábhartha maidir le cuspóirí an chláir. Is éard a bheidh sa chlár sin ná táscairí aschuir, toraidh agus tionchair SMART (sonracha, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama) chun go léireofar an dul chun cinn i dtreo cuspóirí sonracha agus ginearálta an Chiste a bhaint amach feadh conairí tionchair sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma faoi seach.

Déanfar faireachán ar tháscairí tionchair san fhadtéarma, ag tosú go táscach ó bhliain 5 tar éis thús an chláir. Beidh an méid seo a leanas i gceist leo, ach ní bheidh siad teoranta dóibh: 1) An sciar d'fhoilseacháin i measc na bhfoilseachán is airde a luaitear ar an leibhéal domhanda; 2) Éifeacht chúisíoch ar fheabhas a chur ar dhálaí oibre taighdeoirí, lena n- áirítear tuarastail, 3) Éifeacht chúisíoch na rannpháirtíochta ar fhás láimhdeachais i gcuideachtaí príobháideacha cistithe; 4) Éifeacht chúisíoch na rannpháirtíochta ar fhás fostaíochta i gcuideachtaí príobháideacha cistithe; 5) An ghlanéifeacht mheasta ar chistiú ón Aontas ar fhás OTI san Aontas; 6) An ghlanéifeacht mheasta ar chistiú (T&N) ón Aontas ar fhostaíocht iomlán san Aontas; 7) Ranníocaíocht mheasta le sprioc 3 % de chaiteachais T&F ón Aontas

**1,4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☐ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[18]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

18 Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

## 1.5. Foras an togra/tionscnaimh

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá uair na cinniúna buailte leis an Aontas. Tá ár sochaí agus ár ngeilleagar á n- athmhúnlú go mór de dheasca an athraithe aeráide, cur isteach ar an teicneolaíocht, athrú na geopholaitíochta agus treochtaí déimeagrafacha. Chun leanúint de bheith iomaíoch, athléimneach, slán agus aontaithe, ní mór don Eoraip tosaíocht a thabhairt do thaighde agus nuálaíocht. Ní féidir Eoraip atá níos inbhuanaithe, níos sláine agus níos iomaíche do chách a thógáil ach amháin trí infheistiú san eolaíocht, trínár muintir agus trínár bhfiontraithe a chumhachtú, agus trí oibriú le chéile.

Cuirtear an riachtanas sin i dtábhacht i dtuarascáil Draghi maidir lena bhfuil i ndán d'iomaíochas an Aontais, rud a chuir an nuálaíocht i gcroílár inniúlacht na hEorpa chun fás táirgiúlachta a bhaint amach arís. I dtuarascáil Letta maidir le todhchaí an Mhargaidh Aonair, agus i dtuarascáil Heitor maidir lena bhfuil i ndán do bheartas T&N ón Aontas, cuireadh i dtábhacht freisin gur gá don Aontas cur lena chuid iarrachtaí chun nuálaíocht a dhéanamh ar mhaithe lena iomaíochas, lena inbhuanaitheacht agus lena shlándáil.

Is gá don Eoraip a bearna nuálaíochta a dhúnadh agus dul i ngleic lena laigí a thosaíonn le bacainní atá ar na bacáin ón nuálaíocht go dtí an tráchtálú. Le tacaíocht ón earnáil phoiblí do T&N is gá dul i ngleic freisin leis na heasnaimh in éiceachóras T&N agus feidhmíocht nuálaíochta na hEorpa ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.

Mar fhreagairt air sin, leis an togra seo cuirtear i láthair Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht – Fís Eorpach, rud atá simplithe agus athdhírithe, a bhfuil sé d'aidhm aige boinn eolaíocha agus theicneolaíocha an Aontais a neartú, borradh a chur faoi chúrsaíocht agus glacadh eolais, teicneolaíochta agus nuálaíochta, ionstraimí cistiúcháin an Aontais a ghiaráil le haghaidh breisluach uasta, agus, dá réir sin, éifeacht chatalaíoch a bheith aige ar thuilleadh infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha sna Ballstáit.

– De réir na moltaí i dtuarascáil Draghi, beidh sé d'aidhm ag Fís Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:
– Acmhainní a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha,
– Breith ar acmhainneacht comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a bhuí le tírdhreach simplithe,
– Tacaíocht le haghaidh nuálaíocht cheannródaíoch a mhéadú,
– Rochtain ar an gclár a shimpliú le haghaidh tairbhithe.

*1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Is iad seo a leanas na tairbhí sonracha a bhaineann le hinfheistíochtaí an Aontais i réimse T&N:

– borradh a chur faoi fhás agus iomaíochas gheilleagar an Aontais (e.g. meastar go nginfidh gach euro de chistiú an Aontais – tríd an gClár Réime Fís Eorpach – suas le EUR 11 de ghnóthachain OTI faoi 2045[19]);

– líonraí trasnáisiúnta agus trasearnála agus margaí nua a chruthú, le hiarmhairtí dearfacha eolais, scaipeadh agus aistrithe teicneolaíochta ar fud an Aontais chun cur in úsáid táirgí agus seirbhísí nua a luathú agus a fheabhsú (e.g. cruthaíonn agus cothaíonn Comhpháirtíochtaí Eorpacha líonraí i réimsí fíor- riachtanacha ar fud institiúidí an Aontais, institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha agus idir an tionscal agus an saol acadúil, arna léiriú in earnáil na hidrigine[20]);

– acmhainní poiblí agus príobháideacha a chomhthiomsú, lena n- áirítear caipiteal, tallann, bonneagair, chun an mhais chriticiúil a bhaint amach (scála agus castacht) chun tionscadail níos uaillmhianaí agus níos nuálaí a chistiú – trí chomhroinnt riosca freisin – atá fíor- riachtanach chun ceannaireacht a ghlacadh i margaí atá ag teacht chun cinn agus dul i ngleic le dúshláin dhomhanda (e.g. is le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais amháin is féidir dáileadh beag othar a bhfuil galar neamhchoitianta orthu agus an easpa caighdeánaithe agus sonraí a shárú[21]);

– barr feabhais eolaíoch a neartú trí iomaíocht agus comhar ar fud an Aontais, tionchair a bhaint amach a théann i bhfad thar an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta nó ar an leibhéal réigiúnach, éifeachtúlacht a mhéadú agus an riosca maidir le dúbláil iarrachtaí taighde laistigh den Aontas a íoslaghdú (e.g. luaitear foilseacháin phiar- athbhreithnithe arna gcistiú ag an Aontas níos mó ná dhá oiread an mheáin dhomhanda[22]);

– tacaíocht a neartú agus infheistíochtaí príobháideacha a ghiaráil le haghaidh teacht chun cinn agus uas- scálú nuálaíochtaí ceannródaíocha lena gcruthaítear margaí (e.g. tá os cionn EUR 2.6 billiún d'infheistíocht bhreise plódaithe isteach le Ciste CNE i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó CNE, agus éifeacht ghiarála os cionn EUR 3 ann in aghaidh gach euro de chothromas a infheistíonn an tAontas[23]; agus dlús a chur le dul chun cinn eacnamaíoch agus iomaíochas ghnólachtaí na hEorpa (e.g. fásann gnólachtaí a fhaigheann deontais ón Aontas níos tapúla ná gnólachtaí inchomparáide nach bhfuil

19 COM(2025) 189 final, 2025, Meastóireacht eatramhach ar Fhís Eorpach
20 Idem.
21 Idem.
22 COM(2024) 49 final, 2024, Meastóireacht *ex post* ar Fís 2020
23 COM(2025) 189 final, 2025, Meastóireacht eatramhach ar Fhís Eorpach

cistithe ag an Aontas: fianaise lena léirítear méadú 20 % ar fhostaíocht agus thart ar 30 % ar shócmhainní agus ioncam iomlán[24]);

– bonn eolais fónta a sholáthar le haghaidh ceapadh beartais (e.g. bhí obair IPCC de chuid na Náisiún Aontaithe maidir leis an athrú aeráide ag brath cuid mhór ar thaighde atá cistithe ag an Aontas[25]).

– tarraingteacht an Aontais a mhéadú mar áit le haghaidh oideachais, taighde, nuálaíochta agus gnó (e.g. le cistiú ón Aontas éascaítear soghluaisteacht taighdeoirí agus cuidítear le peirspictíocht níos tarraingtí a chruthú le haghaidh na dtaighdeoirí is fearr ó chodanna eile den domhan ar mian leo aistriú go dtí an tAontas[26]);

– éifeacht dhearfach struchtúraithe a bheith acu ar éiceachórais náisiúnta T&N agus athchóirithe T&N náisiúnta a chur chun feidhme; (e.g. is eiseamláir dhomhanda barr feabhais í an Chomhairle Eorpach um Thaighde, lena spreagtar athruithe náisiúnta agus institiúideacha chun tacú lena deontaithe agus lena mealladh), agus lena n- éascaítear caighdeáin agus rialacháin aontaithe a leagan síos ar fud na mBallstát, ar caighdeáin agus rialacháin iad atá ríthábhachtach le haghaidh réimsí amhail cúram sláinte, cosaint an chomhshaoil agus teicneolaíochtaí digiteacha, rud a chuidíonn le tairbhí T&N a scaipeadh ar bhonn níos leithne (e.g. rud a léirítear le Comhpháirtíochtaí Eorpacha éagsúla[27]).

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Le Cláir Réime an Aontais gineadh tionchair shuntasacha agus fhadtréimhseacha, mar a léirítear leis na meastóireachtaí a rinneadh ar bhonn leanúnach ó thosaigh an tAontas Eorpach ag infheistiú in T&N in 1984. Cé gur éirigh go maith leis na cláir thaighde agus nuálaíochta Eorpacha, tá ceachtanna tábhachtacha le foghlaim ón am a chuaigh thart, ó aiseolas a thug páirtithe leasmhara agus ó staidéir anailíseacha. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar thaighde, nuálaíocht agus ar oideachas ar bhealach níos comhordaithe agus ba cheart iad sin a bheith comhleanúnach le beartais eile agus ba cheart torthaí ón taighde a scaipeadh ar bhealach níos fearr agus a luachshocrú i dtáirgí, próisis agus seirbhísí nua. Is gá faireachán agus meastóireacht a neartú a thuilleadh, lena n- áirítear chun gach cuid den chlár a chomhtháthú sa lárchóras faireacháin. I gcás na meastóireachta deiridh, béim níos mó a chur ar tháscairí meántéarmacha agus fadtéarmacha maidir le torthaí agus tionchair, chomh maith le tionchair fhadtéarmacha na gclár réime a bhí ann roimhe sin.

Leis an Teachtaireacht maidir leis an meastóireacht eatramhach a dhéanamh ar Fhís Eorpach, sainaithníodh réimsí éagsúla le haghaidh feabhsú. Bhí torthaí na meastóireachta eatramhaí ar Fhís Eorpach bunaithe ar aiseolas fairsing ó pháirtithe leasmhara agus ar mholtaí straitéiseacha ghrúpa saineolaithe an Choimisiúin maidir leis an meastóireacht eatramhach.

D’fhéadfaí achoimre a dhéanamh orthu mar a leanas:

a. Tacú leis an nuálaíocht cheannródaíoch

b. Leanúint den simpliú, agus aon athrú nua a phíolótú trí thurgnaimh bheartais.

[24] COM(2024) 49 final, 2024, Meastóireacht *ex post* ar Fhís 2020
[25] Idem.
[26] COM(2025) 189 final, 2025, Meastóireacht eatramhach ar Fhís Eorpach
[27] Idem.

c. Leanúint den chomhar idirnáisiúnta, agus iarrachtaí á spriocdhíriú ar thíortha sonracha (ceannairí domhanda).

d. Éifeacht ghiarála na gcomhpháirtíochtaí a mhéadú.

e. Sineirgí le cláir chistiúcháin eile de chuid an Aontais agus le beartais an Aontais a mhéadú chun nuálaíocht a chur in úsáid agus a scaipeadh.

f. Socruithe casta rialachais a shimpliú agus solúbthacht a mhéadú chun freagairt d'éigeandálaí.

g. Leanúint de thacú le mná i dtaighde agus nuálaíocht.

*h. Réasúnú a dhéanamh ar thírdhreach an chistiúcháin, agus forluí idir codanna den chlár a sheachaint.1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Trína idirghníomhú sa Chiste um Iomaíochas, is féidir infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha breise in T&N a ghiaráil leis; rannchuidiú leis an tírdhreach T&N Eorpach a neartú a thuilleadh; agus tráchtálú agus scaipeadh nuálaíochta a luathú. Is féidir le cláir ar leibhéal an Aontais a bheith ina dtaca freisin le ceapadh beartais agus cuspóirí beartais.

Le taighde agus nuálaíocht, de bharr a gcineáil fhadtéarmaigh agus ón mbun aníos, ceanglaítear clár as féin atá neamhspleách, comhtháite agus intuartha lena n- áirithítear na dálaí cearta chun smaointe nua a spreagadh agus a thabhairt chuig an margadh. Chun réitigh shuaiteacha a chumasú, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfar taighde agus nuálaíocht neamhspleách agus go mbeidh leanúnachas sa chistiú. Dá bhrí sin, cé go bhfuil sé nasctha go docht leis an gCiste um Iomaíochas, tá a bhunús dlí neamhspleách coinnithe ar bun ag 'Fís Eorpach', rud a cheanglaítear faoi Airteagal 182 CFAE mar aon lena bhranda agus lena cháil dhearfach idirnáisiúnta, ag tógáil ar a rath fadtéarmach cruthaithe mar chreat iontaofa le haghaidh barr feabhais, comhair agus tionchair.

Leis an ngníomh dlí cruthaítear cearta do thairbhithe agus oibleagáidí orthu, cearta atá ina gceangal go huile agus go hiomlán agus atá infheidhme go díreach i ngach Ballstát den Aontas. *1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

[LE CINNEADH]

[…]

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☑ **tréimhse theoranta**

- ☑ i bhfeidhm ón 01/01/2028 go dtí an 01/01/2034
- ☑ tionchar airgeadais ó 2028 go 2034 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2028 go 2040 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1,7. An modh (na modhanna) atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**[28]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

- ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;
- ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

- ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad
- ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)
- ☐ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta
- ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais
- ☐ comhlachtaí dlí poiblí
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh
- ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha
- ☐ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha
- ☐·comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a

[28] Tá mionsonraí maidir le modhanna trína gcuirfear an buiséad chun feidhme le fáil ar an suíomh gréasáin BUDGpedia, chomh maith le tagairtí don Rialachán Airgeadais: https://myintracomm.ec.europa.eu/corp/budget/financial-rules/budget-implementation/Pages/implementation-methods.aspx.

bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d’fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d’uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

| |
|---|
| […] |
| […] |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Leis na rialacha faireacháin agus tuairiscithe le haghaidh an chláir seo leanfar na ceanglais a leagtar síos i Rialachán xxx [An Rialachán Feidhmíochta].

Déanfar dul chun cinn an chláir i dtreo a chuspóirí a thomhas sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma feadh roinnt conairí tionchair. Úsáidfear comhtháscairí ón Rialachán maidir le Faireachán Feidhmíochta ar CAI i gcás inarb ábhartha, go háirithe na táscairí sin a tomhaiseadh freisin i gCláir Réime roimhe sin. Ceapadh rialacha tuairiscithe le haghaidh rannpháirtithe agus aird á tabhairt ar na táscairí sin, ach bhí rún comhfhiosach ann freisin teorainn a chur leis an ualach riaracháin le haghaidh rannpháirtithe. Nuair is féidir, baileofar sonraí ó fhoinsí oscailte. Déanfar na sonraí uile maidir leis na próisis bhainistíochta (iarratais, rátaí rathúlachta, aga go síniú comhaontaithe deontais, cineál tairbhithe, etc.) a bhailiú agus a stóráil agus a chur ar fáil i bhfíor- am trí stóráil sonraí thiomnaithe. Sa lá atá inniu ann, oibríonn an córas tagartha (CORDA) go maith agus tá sé ar fáil do na Ballstáit agus do chomhlachtaí leasmhara eile. Tabharfar tuarascáil ar aird ina dtabharfar faisnéis maidir le próisis bhainistíochta (ó bhliain a haon) agus, de réir a chéile, faisnéis maidir le haschuir agus torthaí. Tá meastóireachtaí cláir agus tuarascálacha cur chun feidhme beartaithe agus foilseofar iad de réir forálacha coiteanna. Ní dhéanfar measúnú ar thionchair an chláir – tar éis na dtáscairí fadtéarmacha – ach amháin i meastóireachtaí. Ina theannta sin, déantar measúnú ar ghníomhaíochtaí díreacha JRC go hinmheánach trí mheastóireacht inmheánach bhliantúil agus go seachtrach trí athbhreithniú piaraí arna dhéanamh ag roinnt saineolaithe ardleibhéil a roghnaítear i gcomhairle le Bord Gobharnóirí JRC.

### 2,2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Cuirfear an Clár réime um Thaighde agus um Nuálaíocht chun feidhme trí bhainistíocht dhíreach agus indíreach. Ó thaobh imlínte an chur chun feidhme, níl aon athrú bunúsach ar Fhís Eorpach. Cuirfear síneadh breise leis na bearta simpliúcháin a tugadh isteach faoi Fhís Eorpach. Beidh cistiú tionscadail cnapshuime ina shamhail chaighdeánach. Maidir leis na cásanna eisceachtúla eile de chistiú bunaithe ar chostais iarbhír, saineofar na costais phearsanra le córas costais aonaid. Leis an dá bheart sin, rannchuideofar le leochaileacht earráidí airgeadais a íoslaghdú.

Laghdófar an aga ginearálta uasta go síniú comhaontaithe deontais ó 8 mí go 7 mí. Leanann an Comhionad Cur Chun Feidhme de sheirbhísí costéifeachtacha a sholáthar do ranna uile an Choimisiúin atá freagrach as na Cláir Réime a chur chun feidhme. Leanfaidh bailíochtú Eintiteas Dlítheanach agus bainistiú saineolaithe meastóireachta de bheith láraithe sa Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Taighde, rud a thugann barainneachtaí scála agus a áirithíonn eagrú éifeachtúil meastóireachtaí. Tá an straitéis rialaithe bunaithe ar an méid seo a leanas:

- nósanna imeachta chun na tionscadail is fearr a roghnú agus iad a aistriú ina n- ionstraimí dlí;

- na tionscadail agus na conarthaí a bhainistiú ar feadh thréimhse iomlán gach tionscadail; - seiceálacha *ex ante* a dhéanamh ar 100 % de na héilimh,

- deimhnithe ar na ráitis airgeadais os cionn tairseach áirithe, agus deimhniúchán maidir le modheolaíochtaí chun costais aonaid a ríomh nó measúnú *ex ante* a dhéanamh ar Bhonneagar Taighde Mór ar bhonn deonach;

- iniúchtaí *ex post* (de chineál ionadaíoch agus rioscabhunaithe) ar shampla d'éilimh íoctha ar dheontais faoi chostais iarbhír;

- athbhreithnithe tionscadail tráthrialta ar chur chun feidhme teicniúil agus torthaí na ndeontas uile

- athbhreithnithe teicniúla *ex post* ar shampla de dheontais.

Maidir le bainistíocht indíreach, bainfidh an Coimisiún úsáid as na comhlachtaí seo a leanas chun an buiséad a chur chun feidhme i gcás ina bhfuil an méid sin iomchuí agus costéifeachtach agus ina soláthraítear éifeacht ghiarála láidir leis sin: - Comhpháirtíochtaí Eorpacha Institiúideacha (Airteagal 185 nó Airteagal 187 CFAE). Tá na comhlachtaí sin faoi réir meastóireachtaí tráthrialta chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith ábhartha chun cuspóirí an Chláir a bhaint amach. Forbraíodh, nó forbrófar, straitéisí rialaithe chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhlachtaí atá ag feidhmiú faoi bhainistíocht indíreach. Maidir le bainistíocht dhíreach, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag brath cuid mhór ar Ghníomhaireachtaí Feidhmiúcháin a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán 58/2003 ón gComhairle. Tá tarmligean na ngníomhaíochtaí chuig na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin faoi réir Measúnú Costais agus Tairbhe *ex ante* atá neamhspleách agus sainordaitheach agus déanann saineolaithe seachtracha meastóireachtaí tráthrialta ar na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin. Leis an Measúnú Costais agus Tairbhe a luaitear thuas breithneofar na costais rialaithe agus mhaoirseachta freisin. Leis na meastóireachtaí eatramhacha a rinneadh in 2012 agus in 2015 deimhnítear cé chomh héifeachtúil agus a bhí na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin, agus an breisluach a bhí acu, i gcur chun feidhme na gclár.

2.2.2. *Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

De réir a chéile, maidir leis an mbunsamhail chistiúcháin d'Fhís Eorpach le haghaidh aisíoc na gcostas incháilithe iarbhír, cuireadh úsáid mhéadaithe de chistiú tionscadail cnapshuime ina hionad, agus sprioc 50 % ann den bhuiséad le haghaidh na bliana deiridh d'Fhís Eorpach. Leanann an méid sin na ráitis ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, e.g. ina Tuarascáil Bhliantúil 2016, gurb é 'an príomhriosca do rialtacht na n- idirbheart go ndearbhaíonn tairbhithe go bhfuil costais neamh- incháilithe, costais nár braitheadh ná nár ceartaíodh roimh [aisíocaíocht], agus é á mholadh úsáid níos leithne a bhaint as Roghanna Costas Simplithe (RCSanna). Le haghaidh deontas, is é - 3,86 % an ráta earráide ionadaíoch measta le haghaidh Fís 2020, agus ráta earráide 'iarmharach' - 1,92 % ann, tar éis na gnóthuithe agus na ceartúcháin uile a cuireadh chun feidhme nó a chuirfear chun feidhme a chur san áireamh. Mar sin féin, bhí na rátaí earráide níos ísle sna codanna sin den chlár ina raibh sé féideartha úsáid a bhaint as na Roghanna Costais Simplithe (RCSanna) ar bhonn níos forleithne agus/nó ina raibh grúpa beag agus seasmhach de thairbhithe rannpháirteach. Orthu sin áiríodh na deontais ón gComhairle Eorpach um Thaighde agus gníomhaíochtaí Marie Skłodowska- Curie.

*2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Tá an meastachán níos cúinge a dhéanfar ar chostais an chórais rialúcháin (meastóireacht, roghnú, bainistiú tionscadal, rialú ex ante agus ex post) sa raon 2- 4 % ar fud ranna an Choimisiúin atá freagrach as na Cláir Réime roimhe sin a chur chun feidhme le haghaidh 2024 (lena n- áirítear costais chun Fís 2020 agus Fís Eorpach a bhainistiú). Meastar gur costas réasúnach é sin i bhfianaise na n- iarrachtaí is gá chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí agus an líon idirbheart lena mbaineann. Maidir leis an riosca earráide lena bhfuil coinne agus deontais á n- íoc le samhail chistiúcháin bunaithe ar chostais neamh- incháilithe a aisíoc, tá sé cothrom le 2.5- 3.5 %. Tá an riosca earráide tráth an dúnta (tar éis éifeacht na rialuithe agus na gceartúchán) thart ar 2 % (ach ní gá go mbeadh sé faoina bhun) le haghaidh Fhís 2020, agus faoi bhun 2 % le haghaidh Fís Eorpach. Tá an riosca earráide lena bhfuil coinne le haghaidh deontais ag a bhfuil samhail chistiúcháin bunaithe ar chistiú cnapshuime gar do 0 % (tráth na híocaíochta agus an chlabhsúir). Maidir lena bhfuil coinne leis ar an iomlán le haghaidh rátaí earráide, beidh an méid sin ag brath ar an gcothromaíocht idir an dá mhodh cistiúcháin (aisíocaíocht costas neamh- incháilithe agus cnapshuimeanna). Tá sé d’aidhm ag an gCoimisiún an tsamhail cistiúcháin cnapshuime a chur i bhfeidhm i gcás inarb iomchuí, agus tá sé beartaithe aige 50 % de bhuiséad an ghlao a bhaint amach faoi 2027. Mar sin féin, ní hé laghdú an ráta earráide is mó a spreagfaidh cistiú cnapshuime a ghlacadh ach gnóthú chuspóirí uile an chláir.

Glactar leis sa chás sin nach mbeidh na bearta simplithe faoi réir modhnuithe substaintiúla sa phróiseas cinnteoireachta. Tabhair faoi deara: ní bhaineann an roinn seo ach leis an bpróiseas chun deontais a bhainistiú (sna modhanna bainistíochta éagsúla), le haghaidh an chaiteachais riaracháin agus oibríochtúil arna chur chun feidhme trí phróisis soláthair phoiblí, ba cheart an riosca earráide tráth na híocaíochta agus an chlabhsúir a bheith faoi bhun 2 %

## 2,3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Na seirbhísí a bhfuil sé de chúram orthu an buiséad taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme, tá siad meáite ar chomhrac in aghaidh na calaoise i ngach céim de phróiseas bainistíochta na ndeontas. Tá straitéisí frithchalaoise coiteanna agus earnála forbartha acu, agus tá siad á gcur chun feidhme acu, lena n- áirítear úsáid fheabhsaithe faisnéise, go háirithe trí úsáid a bhaint as arduirlisí TF, oiliúint agus faisnéis don fhoireann, agus cuir i láthair múscailte feasachta i leith tairbhithe deontais agus Pointí Teagmhála Náisiúnta. Leanfar de na hiarrachtaí sin agus cuirfear tuilleadh feabhais ar na gníomhaíochtaí frithchalaoise agus measúnaithe riosca a bhuí leis an bhforbairt atá á déanamh faoi láthair ag seirbhísí lárnacha na huirlise scórála riosca corparáidí ARACHNE. Ar an iomlán, maidir leis na bearta a bheartaítear ba cheart tionchar dearfach leanúnach a bheith acu ar an gcomhrac in aghaidh na calaoise, go háirithe an bhéim níos mó ar rialuithe rioscabhunaithe ó Fhís Eorpach, a leanfaidh faoin gClár nua, agus meastóireacht agus rialú eolaíoch treisithe. Maidir le Comhstraitéis Frithchalaoise taighde agus nuálaíochta ranna an Choimisiúin, na nGníomhaireachtaí Feidhmiúcháin agus na gComhghnóthas atá freagrach as cur chun feidhme na gClár Réime T&N, lena gcumhdaítear deontais, tugadh cothrom le dáta í

chun rioscaí a bhaineann le roghanna costais simplithe a chumhdach agus déanfar í a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar chásanna OLAF a dúnadh. Ba cheart é a chur i dtábhacht go láidir go raibh an chalaois a braitheadh an- íseal go leanúnach i gcomhréir leis an gcaiteachas iomlán ar thaighde agus nuálaíocht, mar sin féin tá na seirbhísí a bhfuil sé de chúram orthu an buiséad taighde agus nuálaíochta a chur chun feidhme fós lántiomanta chun í a chomhrac. Áiritheofar leis an reachtaíocht gur féidir le ranna an Choimisiúin, lena n- áirítear an Oifig Eorpach Frith- Chalaoise (OLAF), chomh maith le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), iniúchtaí, athbhreithnithe agus imscrúduithe a dhéanamh agus úsáid á baint as na forálacha caighdeánacha atá in úsáid cheana féin faoi Fhís Eorpach.

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 2 | [04 01 02] – Caiteachas tacaíochta le haghaidh Fís Eorpach | LN | IS EA | IS EA | IS EA | NÍL |
| 2 | [04 03 01] – Eolaíocht den Scoth | Difreáilte | IS EA | IS EA | IS EA | NÍL |
| 2 | [04 03 02] – An tIomaíochas agus an tSochaí | LD | IS EA | IS EA | IS EA | NÍL |
| 2 | [04 03 03] – Nuálaíocht | LD | IS EA | IS EA | IS EA | NÍL |
| 2 | [04 03 04] – An Limistéar Eorpach Taighde | LD | IS EA | IS EA | IS EA | NÍL |

### 3,2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

*3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

*3.2.1,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | Uimhir | 2 |
|---|---|---|

| | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | | | |
| [04 03 01] – Eolaíocht den Scoth | Gealltanais | (1a) | 4,093 | 6,343 | 6,616 | 6,773 | 6,701 | 6,812 | 6,741 | **44,079** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| [04 03 02] – An tIomaíochas agus an tSochaí | Gealltanais | (1b) | 7,042 | 10,918 | 11,387 | 11,659 | 11,537 | 11,729 | 11,604 | **75,876** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| [04 03 03] – Nuálaíocht | Gealltanais | (1a) | 3,600 | 5,581 | 5,821 | 5,960 | 5,897 | 5,994 | 5,932 | **38,785** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| [04 03 04] – An Limistéar Eorpach Taighde | Gealltanais | (1b) | 1,508 | 2,341 | 2,441 | 2,499 | 2,472 | 2,513 | 2,488 | **16,262** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | pm | pm | pm | pm | pm | pm | pm | **pm** |
| | Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gClár Sonrach[29] | | | | | | | | | |
| [04 01 02] – Caiteachas tacaíochta le haghaidh Fís Eorpach | | (3) | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** |
| **IOMLÁN leithreasuithe** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **16,243** | **25,183** | **26,265** | **26,891** | **26,607** | **27,048** | **26,765** | **175,002** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** | **pm** |

| | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

29 Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid an Aontais (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | | | | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | | | | 0,000 | **0,000** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gClár Sonrach | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | | | | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi Cheannteideal 2** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | | | | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | | | | **0,000** | **0,000** |

| | | | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | IOMLÁN CAI 2028- 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | | | | 0,000 | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | | | | 0,000 | **0,000** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gClár Sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | | | | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe Faoi Cheannteidil 1 go 3** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | | | | **0,000** | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | | | | **0,000** | **0,000** |

| | | |
|---|---|---|
| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’ [The necessary appropriations should be determined using the annual average cost figures available on the appropriate BUDGpedia webpage.] |

| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **IOMLÁN AS** <…….> | Leithreasuithe | | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | 0 |

| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **IOMLÁN AS** <…….> | Leithreasuithe | | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | 0 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 4 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** | Gealltanais | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

=============

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 4** | Gealltanais | | | | | | | | |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | | | | | | | | |

| | | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <….>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | | | | | | | | |
| | | | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | Bliain | **IOMLÁN** |

| | | | 2028 | 2029 | 2030 | 2031 | 2032 | 2033 | 2034 | CAI 2028- 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gClár Sonrach | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL <….>** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | | | | | | | | |

| | | | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | IOMLÁN CAI 2028- 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | (5) | | | | | | | | |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | | | | | | | | |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1 go 6** den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | | | | | | | | |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | | | | | | | | |

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais** | **7** | ‘Caiteachas riaracháin’[30] |

30 Is trí úsáid a bhaint as na figiúirí maidir le meánchostas bliantúil atá le fáil ar an leathanach gréasáin iomchuí de chuid BUDGpedia ba cheart na leithreasuithe is gá a chinneadh.

| | | |
|---|---|---|
| **ilbhliantúil** | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS <…….>** | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| Ard-Stiúrthóireacht: <…….> | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • Acmhainní daonna | | | | | | | | | |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | | | | | | | |
| **IOMLÁN AS <…….>** | Leithreasuithe | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | | | | | | | | |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028- 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** | Gealltanais | | | | | | | | |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | | | | | | | | |

*3.2.2.An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (not to be completed for decentralised agencies)*

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** | | | Bliain **2028** | | Bliain **2029** | | Bliain **2030** | | Bliain **2031** | | Iontráil na blianta ar fad is gá chun a léiriú cé chomh fada agus a mhairfidh an tionchar (féach Roinn1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| ⇩ | Cineál[31] | Meán chostas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[32]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **IOMLÁIN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Comhfhreagróidh na táscairí aschuir agus toraidh chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar a bhfuil bainte amach ag an gclár seo do na comhtháscairí dá bhforáiltear faoi Rialachán xxx [An Rialachán Feidhmíochta].

31 Táirgí agus seirbhísí atá le soláthar atá sna haschuir (e.g. an líon malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, an líon iomlán km de bhóithre a tógadh, etc.).

32 Mar a thuairiscítear i Roinn 1.3.2. 'Cuspóirí sonracha'

*3.2.3.Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar leithreasuithe de chineál riaracháin*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3,1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain 2028 | Bliain 2029 | Bliain 2030 | Bliain 2031 | Bliain 2032 | Bliain 2033 | Bliain 2034 | IOMLÁN 2028 - 2034 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | | | | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,000 | | | | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán CEANNTEIDIL** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | | | | **0,000** | **0,000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna | 625,906 | 653,293 | 682,926 | 714,991 | 749,687 | 787,229 | 827,851 | **5041,883** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 421,944 | 506,573 | 602,561 | 711,464 | 835,052 | 975,331 | 1134,583 | **5187,508** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **1047,851** | **1159,866** | **1285,487** | **1426,455** | **1584,738** | **1762,560** | **1962,435** | **10229,391** |
| | | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | **1047,851** | **1159,866** | **1285,487** | **1426,455** | **1584,738** | **1762,560** | **1962,435** | **10229,391** |

*3.2.4.Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.4,1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*[33]

| LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** [34] | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) [35] | 1439 | 1557 | 1684 | 1823 | 1972. | 2134 | 2309 |

[33] Sonraigh thíos cá mhéad de na haonaid coibhéise lánaimseartha arna gcur in iúl a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar féidir iad a ath-imlonnú laistigh de d'Ard-Stiúrthóireacht, maille leis na glanriachtanais atá agat.

[34] Leis na figiúirí sin ní áirítear ach amháin an fhoireann is gá in Ard- Stiúrthóireachtaí agus ní áirítear leo an fhoireann lena mbeidh gá le haghaidh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin, Comhghnóthas, agus comhlachtaí díláraithe eile, chomh maith leis an bhfoireann bhreise a íoctar ó ranníocaíochtaí na dtíortha comhlachaithe amach anseo.

[35] Is éard atá i gceist leis an mbunlíne an líon FTEnna in 2027, rud a mhéadaítear gach bliain go comhréireach le leibhéal an bhuiséid le haghaidh Fhís Eorpach 2028- 2034 le haghaidh na bliana ar leith, agus é

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 01 01 01 11 (Taighde díreach)[36] | 1261 | 1261 | 1261 | 1261 | 1261 | 1261 | 1261 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| • Foireann sheachtrach (in FTEnna) | | | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] - sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach)[37] | 627 | 679 | 734 | 794 | 860 | 930 | 1006 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach)[38] | 545 | 545 | 545 | 545 | 545 | 545 | 545 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | 0 | 0 | 0 | | | | 0 |
| **IOMLÁN** | **0** | **0** | **0** | | | | **0** |

Maidir leis na hacmhainní daonna a cheanglaítear, soláthróidh an fhoireann a bhfuil bainistíocht na gníomhaíochta faoina cúram cheana féin iad sin, i dteannta, más gá, aon leithdháileadh breise a fhéadfar a thabhairt do na hArd-Stiúrthóireachtaí atá i mbun bainistíochta, i bhfianaise imchlúdach méadaithe an chláir, faoin nós imeachta leithdháilte bliantúil agus i bhfianaise na srianta buiséadacha. Ní áirítear leis an leibhéal foirne sin an leibhéal foirne is gá le haghaidh gníomhaireachtaí feidhmiúcháin nó comhlachtaí cur chun feidhme, ná ní dhéantar réamhbhreithiúnas ar an leibhéal foirne sin leis sin.

*3.2.4,3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach*

| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA BHFABHAR + IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

---

caidhpeáilte chuig 75 % den mhéadú chun gnóthachain éifeachtúlachta lena bhfuil coinne a chur san áireamh.

36 Is éard atá i gceist leis an mbunlíon an líon FTEnna in 2027 agus é cobhsaí le linn na tréimhse.

37 Is éard atá i gceist leis an mbunlíne an líon FTEnna in 2027, rud a mhéadaítear gach bliain go comhréireach le leibhéal an bhuiséid le haghaidh Fhís Eorpach 2028- 2034 le haghaidh na bliana ar leith, agus é caidhpeáilte chuig 75 % den mhéadú chun gnóthachain éifeachtúlachta lena bhfuil coinne a chur san áireamh.

38 Is éard atá i gceist leis an mbunlíon an líon FTEnna in 2027 agus é cobhsaí le linn na tréimhse.

| • Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] | - sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |

*3.2.5.Forbhreathnú ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

Éigeantach: na hinfheistíochtaí atá i gceist leis an togra/tionscnamh seo arb infheistíochtaí iad a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha, ba cheart meastachán chomh maith agus is féidir ina dtaobh a chur sa tábla thíos.

Go heisceachtúil, ba cheart na leithreasuithe faoi Cheannteideal 7 a chur sa líne atá ainmnithe chuige sin, i gcásanna inar gá sin chun an togra/tionscnamh a chur chun feidhme.

Is mar 'Chaiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla' is ceart na leithreasuithe faoi Cheannteidil 1-6 a chur in iúl. Is é rud dá dtagraíonn an caiteachas sin an buiséad oibríochtúil atá le húsáid i gcomhair athúsáid/ ceannach/ forbairt ardán/ uirlisí TF atá nasctha go díreach le cur chun feidhme an tionscnaimh, agus i gcomhair na n-infheistíochtaí a bhaineann leis na hardáin/uirlisí sin (e.g. ceadúnais, staidéir, stóráil sonraí etc). An fhaisnéis a sholáthraítear sa tábla seo, ba cheart í a bheith comhsheasmhach leis na mionsonraí a chuirtear i láthair faoi Roinn 4 'Gnéithe digiteacha'.

| **IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | **IOMLÁN CAI 2028 - 2034** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | **0** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** | **0** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 83,688 | 94,699 | 107,160 | 121,261 | 137,217 | 155,272 | 175,703 | **875,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **83,688** | **94,699** | **107,160** | **121,261** | **137,217** | **155,272** | **175,703** | **875,000** |
| | | | | | | | | |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN** | **83,688** | **94,699** | **107,160** | **121,261** | **137,217** | **155,272** | **175,703** | **875,000** |

Ba cheart caiteachas beartais TF a bheith cothrom le 0,5 % de chaiteachas iomlán an chláir.

| **IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021 - 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

*3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

*3.2.7.Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☐ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☑ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2031** | Bliain **2032** | Bliain **2033** | Bliain **2034** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe [39] | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. |

[39] Níl Comhaontuithe Comhlachais déthaobhacha socraithe go fóill. Cuirfear ranníocaíochtaí ó thíortha comhlachaithe isteach de bhreis ar na méideanna a chuirtear i láthair sa Ráiteas Airgeadais Reachtach seo.

3.3.An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☐ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☑ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

  – ☐ ar acmhainní dílse

  – ☑ ar ioncam eile

  – ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[40] | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2028** | Bliain **2029** | Bliain **2030** | Bliain **2034** |
| Airteagal …………. | | | | | |

| Líne buiséid ioncaim: | Tionchar an togra/tionscnaimh | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2028** | **2029** | **2030** | **2031** | **2032** | **2033** | **2034** |
| Mír | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. | p.m. |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| 01.02XX Leithreasuithe arna bhfabhrú ó ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| Féadfaidh tríú tíortha rannchuidiú leis an gClár trí chomhaontuithe comhlachais. Na coinníollacha lena gcinnfear leibhéal na ranníocaíochta airgeadais, leagfar síos iad i gcomhaontuithe comhlachais le gach tír agus áiritheofar leo go ndéanfar ceartú uathoibríoch ar aon mhíchothromaíocht shuntasach i gcomparáid leis an méid a fhaigheann eintitis atá bunaithe sa tír chomhlachaithe trí bheith rannpháirteach sa chlár, agus na costais a bhaineann leis an gclár a bhainistiú á gcur san áireamh. |

40 A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

Le Fís Eorpach úsáidtear na huirlisí corparáideacha ar a dtugtar tuairisc i Ráiteas Dlí, Airgeadais agus Digiteach an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas, rud atá crostagartha do na gnéithe digiteacha uile.